

AGUISÍN (i)

**Nósanna Imeachta Roghnúcháin do Phoist i Scoileanna an CGO.**

*Beidh na nósanna imeachta de réir na nImlitreacha seo a leanas de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta: -*

*Imlitir 20/98;*

*Imlitir 21/98;*

*Imlitir 43/00;*

*Imlitir 44/00;*

*Imlitir 6/02.*



Imlitir 20/98

Chuig: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
gach Choiste Ghairmoideachais

***Cur i bhfeidhm struchtúr athchóirithe bainistíochta scoile i ngairmscoileanna agus i gcoláistí pobail.***

Bhí tógraí maidir le bainistíocht inscoile sa Chomhaontú Pá agus Coinníollacha do Mhúinteoirí faoi Chlásal 2(iii) in Aguisín 1 an Chláir um Iomaíochas agus Obair.

Tugann an tAire Oideachais agus Eolaíochta údarás anois d'forfheidhmiú na struchtúr leasaithe um bhainistíocht scoile i ngairmscoileanna agus i gcoláistí pobail.

Tá na tógraí seo dírithe ar fheabhas mór a chur ar bhainistíocht inscoile i scoileanna dara leibhéal trí athstruchtúru a dhéanamh, agus ar fhreagra a thabhairt ar éilimh ó cheardchumann na múinteoirí ar struchtúir fheabhsaithe ghairmréime agus dheiseanna feabhsaithe do mhúinteoirí chomh maith le pá ardaithe do shealbhóirí poist.

Áirítear iad seo a leanas ar na cuspóirí:

freagrachtaí na bpost a chur in oiriúint, ar shlí níos soiléire, do thascanna lárnacha na scoile agus na freagrachtaí a bhaineann le poist dhifriúla a shonrú go soiléir trí bhéim a chur ar sholáthar deiseanna do mhúinteoirí freagracht a ghlacadh sa scoil as ceannaireacht theagascach, as forbairt churaclaim, as bainistiú foirne agus a gcuid forbartha agus as obair acadúil agus obair thréadach na scoile.

Cuirfear gráid an Phríomhoide, an Phríomhoide Ionaid, an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta in ionad an struchtúir atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin, Príomhoide, Leasphríomhoide, Grád A agus Grád B.

Cuirfear sceidil atá bunaithe ar líon na bpost ceadaithe múinteoireachta i scoileanna in ionad na sceideal do leithdháileadh post ar scoileanna atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin, sceideal atá bunaithe ar chatagóirí pointí scoileanna. Tá sonraí faoi na sceidil athchóirithe do scoileanna dara leibhéal ar fáil in [Imlitir 21/98](#) i dteannta modh ríofa coibhéis lánaimseartha na múinteoirí chun críocha leibhéal na liúntas don bPríomhoide agus don bPríomhoide Ionaid a ríomh agus chun poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta a ghiniúint.

## **RÁTAÍ NA LIÚNTAS**

Socrófar rátaí na liúntas do phoist san struchtúr athchóirithe trí ardú de 28% a chur le rátaí reatha na liúntas do phoist chomhfhreagracha. De bhreis air sin ardófar íosmhéid an liúntais do Phríomhoidí agus ardófar an t-uasteorainn ar liúntais do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Ionaid. Leagfar rátaí na liúntas do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Ionaid síos faoi threoir an líon ceadaithe múinteoirí atá ar fhoireann na scoile.

Cuirfear liúntas méadaithe do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Ionaid i bhfeidhm, i dtrí céimeanna comhionanna ón 1ú Meán Fómhair, 1996, ón 1ú Meán Fómhair, 1997 agus ón 1ú Meán Fómhair, 1998.

Cuirfear liúntas do Phríomhoidí Cúnta agus do Mhúinteoirí um Dhualgais Speisialta i bhfeidhm i dtrí céimeanna comhionanna ón 1 Eanáir, 1997, ón 1ú Meán Fómhair, 1997 agus ón 1ú Meán Fómhair 1998.

Chun cáiliú le haghaidh an ráta athbhreithnithe pá beidh sé de cheangal ar Phríomhoidí, ar Phríomhoidí Ionaid agus ar shealbhóirí poist eile na dualgais atá sannta dóibh agus na freagrachtaí a ghabhann lena bpoist a ghabháil de láimh de réir a gconarthaí.

Más rud é nach féidir leis an bPOF deimhniú i gcúinsí neamhghnácha go bhfuil a chuid dualgas nó a cuid dualgas á gcomhlíonadh de réir mar a sannadh dá phost nó dá post ag Príomhoide nó ag Leasphríomhoide nó ag sealbhóir poist reatha féadfaidh an Príomhoide, an Leasphríomhoide nó an sealbhóir poist an liúntas atá aige nó aici cheana féin a choinneáil ar choinníoll go leanfaidh sé nó sí de bheith ag comhlíonadh na dualgais atá aige nó aici.

Tá na sonraí ar fad faoi na liúntais atá iníoctha agus faoi na coinníollacha atá ag gabháil le híocaíocht liúntas dá sórt ar fáil in [Imlitir 22/98](#).

## **COINNÍOLLACHA A RIALAÍONN NA TÓGRAÍ**

Tá na socruithe athchóirithe um bhainistíocht inscoile faoi réir ag na coinníollacha seo a leanas a bhaineann le

- (a) na freagrachtaí agus na dualgais a ghabhann leis na poist agus
- (b) ceapachán sna poist.

### **Freagrachtaí/Dualgais**

Déanfaidh an Príomhoide, an Príomhoide Cúnta agus sealbhóirí poist freagrachta i dteannta a chéile an fhoireann bainistíochta inscoile don scoil.

Is ag an bPríomhoide atá an fhreagracht fhoriomlán faoin bPOF as bainistíocht laethúil na scoile.

Gabhfaidh gach sealbhóir poist na dualgais de lámh a bhaineann le grád an phoist ina bhfuil siad ceaptha, de réir a gconarthaí.

Nuair a shanntar a gcuid dualgas do phoist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta ba cheart do na dualgais a bheith cuimsitheach sa tslí go mbeidh siad oscailte d'iarratais ó gach ball incháilithe den bhfoireann múinteoireachta. Sannfar na dualgais de réir tógraí athbhreithnithe sa Chlár um Iomaíochas agus Obair do Mhúinteoirí atá leagtha amach in Aguisín 1.

D'fhéadfaí na dualgais a ghabhann le poist a athrú ó am go ham tar éis próisis chomhairliúcháin, de réir mar a éilíonn riachtanais na scoile, faoi réir an phoist athchóirithe go bhfuil an leibhéal céanna freagrachta ag gabháil leis, de ghnáth, agus a bhí ag gabháil leis an bpost roimhe seo.

Formheasfaidh an POF go foirmiúil sceideal na ndualgas poist agus ainmneacha na ndaoine a dhéanfaidh na dualgais agus cuirfear cóip chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

### **Ceapacháin**

Ceapfar sealbhóir gach poist de réir na nósanna imeachta foirmiúla roghnúcháin.

Má tá folúntas i bpost an Phríomhoide líonfar an post trí chomórtas oscailte.

Faoi láthair líontar post an Leasphríomhoide i ngairmscoileanna ó laistigh den scéim CGO nó trí chomórtas oscailte, rud atá níos dealraithe. Líonfar poist an Leasphríomhoide i gColáistí Pobail ainmnithe trí chomórtas oscailte.

Leanfar den gcleachtas atá ann cheana féin chun folúntais i bpoist do Phríomhoidí Cúnta a líonadh (faoi mar a dhéantar i gcás Leasphríomhoidí). Déanfar an cinneadh cé acu an líonfar post ó laistigh den Scéim nó trí chomórtas oscailte a shocrú, áfach, ag líon na múinteoirí i scoil seachas de réir an rátáil phointí faoi mar a deintí roimhe seo. Líonfar folúntais i bpoist an Phríomhoide Chúnta i ngairmscoileanna le 10 múinteoirí nó níos lú ná sin ó laistigh den Scéim san am le teacht ach líonfar folúntais i scoileanna le 11 múinteoir nó níos mó trí chomórtas oscailte. Baineann an uimhir seo leis an líon a cinneadh faoi stiúir ríomh coibhéise lánaimseartha na múinteoirí dá dtagraítear in [Imlitir 21/98](#).

Maidir le poist eile, líonfar folúntais ó líon na múinteoirí sa scoil.

Folúntais do phoist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta a fhógairt - tá gach múinteoir ar fhoireann na scoile go bhfuil ar a laghad seirbhís múinteoireachta 3 bliana agus seirbhís lánaimseartha bliana amháin curtha isteach incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar phoist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta faoi seach.

Fógrófar an post folamh sa scoil ar feadh thréimhse 5 lá scoile ar a laghad .i. laethanta ar a bhfuil an scoil ar siúl do na daltaí.

Déanfar gach iarracht réasúnach aire na múinteoirí incháilithe go léir a tharraingt ar an bhfolúntas. Cáilíonn baill fhoirne atá ar shaoire cheadaithe chun iarratas a chur isteach agus dá bhrí sin, ba cheart cóip den bhfógra a chur chuig seoltaí ainmnithe na múinteoirí sin.

Sonróidh an fógra dáta deiridh i gcomhair iarratais i scríbhinn a fháil agus ba cheart gan an dáta seo a bheith níos túisce ná deich lá scoile tar éis an chéad lá a cuireadh an fógra suas sa scoil.

Sonróidh an fógra catagóir an phoist.

### **Socruithe maidir le hAistriú**

Maidir leis na ceapacháin tosaigh do na poist beidh feidhm ag na socruithe seo a leanas:

(a) Féadfar gach Príomhoide agus gach Leasphríomhoide a cheapadh chun post nua an Phríomhoide agus an Phríomhoide Ionaid faoi seach ar choinníoll go bhfuil siad sásta, de réir a gconarthaí, na dualgais agus na freagrachtaí sannta a ghabhann leis na post seo a chomhlíonadh.

(b) Féadfar sealbhóirí poist den Ghrád B agus den Ghrád A a cheapadh i ngráid nua an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta agus an Phríomhoide Chúnta faoi seach ar choinníoll go bhfuil siad sásta, de réir a gconarthaí, na dualgais agus na freagrachtaí sannta a ghabhann leis na post seo a chomhlíonadh.

(c) Má bhíonn líon na bpost nua mar Phríomhoide Cúnta níos mó ná líon na bpost reatha den Ghrád A ceapfar sealbhóirí na bpost breise mar Phríomhoide Cúnta de réir na nósanna imeachta comhaontaithe roghnúcháin agus ní féidir ach le sealbhóirí reatha post den Ghrád B cur isteach orthu ar dtús.

### **MONATÓIREACHT AR NA SOCRUITHE ATHCHÓIRITHE DON BHAINISTÍOCHT INSCOILE**

Tá fócaíochtaí suntasacha breise do Phríomhoidí, do Phríomhoidí Ionaid agus do shealbhóirí eile poist ag gabháil leis na tógraí faoin mbainistíocht inscoile. Is é atá i gceist leis na hfocaíochtaí seo ná bainistíocht inscoile i scoileanna dara leibhéal a fheabhsú go mór. Caithfidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta cinntiú go mbainfear cuspóirí an athstruchtúráil bainistíochta inscoile amach go ffrinneach.

Chun an mhonatóireacht riachtanach a dhéanamh ar oibriú na socruithe athchóirithe do bhainistíocht inscoile geobhaidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sceideal na bpost freagrachta a ghabhann leis an scoil ó na húdaráis scoile ó am go chéile. Iarrfar deimhniú gur deimhin leis na húdarás scoile go bhfuil na dualgais bainistíochta inscoile atá riachtanach á gcomhlíonadh sa mhéid is féidir trí chur i bhfeidhm na socruithe bainistíochta inscoile atá déanta ag an scoil.

Má dhéantar ceapacháin aonair chun post freagrachta ba cheart do scoileanna cóip de liosta na bhfreagrachtaí a bhaineann leis an bpost a chur isteach nuair a bhíonn ceadú don gceapachán á lorg acu.

Scrúdóidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcomhar le heagraíochtaí um bhainistíocht scoile agus i gcomhar le heagraíochtaí do mhúinteoirí ar leibhéal náisiúnta oibriú na socruithe athchóirithe bainistíochta inscoile go rialta d'fhonn a áirithiú go bhfuil an córas ag oibriú go sásúil.

## **LEATHADH NA hIMLITREACH**

Iarrtar ort cinntiú go gcuirfear cóipeanna na himlitreach seo ar fáil d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí chun go dtabharfaí do gach tuismitheoir agus do gach mhúinteoir iad.

John Dennehy,  
Ard-Rúnaí  
Mí Aibreáin, 1998.

## **Imlitir 20/98**

### **AGUISÍN A hAON**

#### **CRITÉIR NÁISIÚNTA LEIBHÉIL AGUS SAGHSANNA NA nDUALGAS A GHABHANN LE POIST AN PHRÍOMHOIDE CHÚNTA AGUS NA MÚINTEOIRÍ UM DHUALGAIS SPEISIALTA**

1. Ba cheart do na dualgais a ghabhann leis na poist a bheith iomchuí chun freastal ar riachtanais riaracháin, ar riachtanais tréadacha agus ar riachtanais churaclaim na scoile.
2. Ba cheart do shainmhíniú agus do liosta na ndualgas atá ag gabháil le sceideal na bpost atá beartaithe ag an mBord Bainistíochta a bheith cuimsitheach sa tslí go léireodh sé imthosca gach scoile faoi leith agus sa tslí go mbeadh sé oscailte do gach ball incháilithe den bhfoireann mhúinteoireachta.
3. Ba cheart go léireofaí grád agus leibhéal na freagrachta sna dualgais a ghabhann leis an bpost agus méid agus riachtanais na scoile a chur san áireamh ag an am céanna.
4. Anseo a leanas dualgais agus freagrachtaí a ghabhann leis na poist. I scoileanna sách mór baineann na dualgais atá marcáilte le réiltín le post an Phríomhoide Chúnta. Féadfaidh scoileanna dualgais a nascadh le chéile do shealbhóir poist amháin nó féadfaidh siad níos mó ná sealbhóir poist amháin a shannadh do dhualgas amháin de réir méid na scoile agus leibhéil na ndualgas.
5. Táid seo a leanas ar na dualgais agus ar na freagrachtaí a ghabhann le poist:-

Cinn bliana\*

Cinn bliana chúnta

Teagascóir ranga

Freagracht i leith socrúithe tráthchláir\*

Freagracht i leith clárúcháin agus monatóireacht neamhláithreachtaí\*

Comhordaitheoir an phlean scoile\*

Comhordaitheoirí ábhar

Comhordaitheoirí Clár Curaclaim\*

Comhordaitheoir Clár Forbartha don bhFoireann

Comhordú agus cur i bhfeidhm beartas scoile, mar shampla cúrsaí smachta\*

Comhordaitheoir cláir thaithí oibre lena n-áirítear dualgais maidir le socrúcháin\*

Gníomhaíochtaí cultúrtha a eagrú / a chur chun cinn\*

Gníomhaíochtaí spóirt a eagrú / a chur chun cinn\*

Cúntóir um riarachán buiséid/cúrsaí airgeadais\*

Cuairteanna lasmuigh den scoil a chomh-ordú/a eagrú

Rúnaí Scrúduithe\*

Comhordaitheoir na Scrúduithe Stáit

Comhordaitheoir Scrúduithe scoile

Riarachán leabharlann na scoile\*

Oifigeach garchabhrach agus sábháilteachta (Druileanna tine, 7rl)

Idirchaidreamh le heagraíochtaí na dtuismitheoirí

Idirchaidreamh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta  
Idirchaidreamh leis an bPobal áitiúil/na nuachtáin áitiúla  
Maoirseacht a dhéanamh ar chothabháil trealamh na scoile agus cinntiú go bhfuil fáil  
air  
Maoirseacht a dhéanamh ar chothabháil agus ar infhaighteacht áiseanna ar nós  
saotharlanna, hallaí le haghaidh corpoideachais 7rl  
Rialú stoc  
Comhordú iompar scoile  
Riarachán scéimeanna cabhrach speisialta, m. sh. leabhair saor in aisce

Níl an liosta seo iomlán.



Chuig: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gach Choiste Ghairmoideachais

**Cur i bhfeidhm na struchtúr athchóirithe bainistíochta inscoile i ngairmscoileanna agus i gcoláistí pobail**

1. Tugann an tAire Oideachais agus Eolaíochta údarás leis seo do Choistí Gairmoideachais na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm ar a dtugtar breac-chuntas thíos maidir le poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta a chruthú i ngairmscoileanna agus i gcoláistí pobail.
2. Cuirfear grád an Phríomhoide, an Phríomhoide Ionaid, an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta faoi seach in ionad post an Phríomhoide, an Leasphríomhoide, an Ghráid A agus an Ghráid B den struchtúr atá i bhfeidhm faoi láthair.
3. Le héifeacht ón 1ú Márta, 1998, cuirfear sceideal atá bunaithe ar líon na bpost ceadaithe múinteoireachta i scoileanna in ionad na sceideal do leithdháileadh post freagrachta ar scoileanna atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin, sceideal atá bunaithe ar chatagóirí pointí scoileanna.

Chun críocha liúntas atá iníoctha agus líon na bpost freagrachta a chinntiú go bhfuil teideal ag an scoil chucu déanfar poist cheadaithe mhúinteoireachta a mhíniú mar choibhéis múinteora lánaimseartha

- gach poist cheadaithe lasmuigh den gcuóta,
  - gach poist mhúinteoireachta breise ag a bhfuil nádúr buan,
  - leithdháileadh barúlach múinteoirí atá bunaithe ar chóimheas múinteoirí le daltaí, agus
  - poist bharrachais nó poist lamháltais (faoi réir choinníollacha áirithe).
4. In aguisín A tugtar cuntas ar shonraí an mhodha ar a ríomhtar coibhéis múinteora lánaimseartha chun
    - (a) leibhéal na liúntas do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Ionaid a ríomh agus
    - (b) poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta a ghiniúint.

5. Tá na sonraí faoi na sceidil athchóirithe do scoileanna dara leibhéal ar fáil in Aguisín B.
6. Caithfear poist a bheidh ann de bharr cur i bhfeidhm na dtógraí seo a líonadh de réir téarmaí na nImlitreacha 29/97 agus 30/97 mar is cuí.
7. Cuirfidh an Roinn údaráis scoile ar an eolas faoi líon agus faoi leibhéal na bpost go bhfuil teideal acu chucu.
8. LEATHADH NA HIMLITREACH

Iarrtar ort cinntiú go gcuirfear cóipeanna na himlitreach seo ar fáil d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí chun go dtabharfaí do gach tuismitheoir agus do gach múinteoir iad.

John Dennehy,  
Ard-Rúnaí  
Mí Aibreáin, 1998.

### Aguisín A

Ríomh Coibhéis Múinteora Lánaimseartha chun leibhéal liúntas do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Ionaid a ríomh agus chun poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta a ghiniúint i scoileanna dara leibhéal.

(i) **Leithdháileadh iarbhír post lasmuigh den gcuóta\*** ar an scoil ar 1ú Meán Fómhair na bliana reatha

- \*Príomhoide \_\_\_\_\_
- \*Príomhoide Ionaid \_\_\_\_\_
- \*Príomhoide Ionaid Speisialta \_\_\_\_\_
- \*Múinteoir Treoraithe \_\_\_\_\_
- \*Múinteoir Feabhais \_\_\_\_\_
- \*Múinteoir Acmhainne \_\_\_\_\_
- \*Ceantar faoi Mhíbhuntáiste \_\_\_\_\_
- \*Idirchaidreamh Baile agus Scoile \_\_\_\_\_
- \*Rang Lán Ghaelach \_\_\_\_\_
- \*Scoil Bheag (CGO) \_\_\_\_\_
- \*Séiplínigh (Scoileanna Cuimsitheacha agus Pobail, Coláistí Pobail) \_\_\_\_\_

**Iomlán Lasmuigh den gCuóta** \_\_\_\_\_

(ii) **Poist Mhúinteoireachta Bhreise** go bhfuil nádúr buan acu agus a thagann de dheasca laghdú ar chláirúcháin sa scoil \_\_\_\_\_

Múinteoirí arna leithdháileadh faoi Alt 5.2 na Scéime Athchóirithe Fostaíochta (Ar choinníoll go bhfuilid fostaithe sa scoil le breis is bliana anuas ar a laghad).  
[Meánscoileanna] \_\_\_\_\_

Lamháltais churaclaim (735 uaire sa bhliain = 1 Choibhéis Múinteora Lánaimseartha) (Ar choinníoll go gceadaítear an lamháltas don scoil don tríú bliain as a chéile. Ní chuirtear san áireamh ach gach coibhéis múinteora lánaimseartha iomlán.)  
\_\_\_\_\_ Iomlán post lamháltais \_\_\_\_\_

(iii) **Leithdháileadh barúlach múinteoirí atá bunaithe ar chóimheas múinteoirí le daltaí** (Ríomh mar a leanas)

(a) Líon daltaí ar an rolla sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach (SDOG = Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais – modh scaipthe, san áireamh) ar 30ú Meán Fómhair na bliana roimhe seo roinnte ar 19 \_\_\_\_\_

(b) Líon daltaí ATF (Ard-teistiméireacht Fheidhmeach) agus líon daltaí GCAT (Gairmchlár na hArdteistiméireachta) ar an rolla ar 30ú Meán Fómhair na bliana roimhe seo roinnte ar 16 \_\_\_\_\_

(c) Líon daltaí Iar-Ardteistiméireachta ar an rolla ((SDOG = Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais – modh scaipthe, san áireamh) ar 30ú Meán Fómhair na bliana roimhe seo roinnte ar 16 agus iolraithe faoi 1.5. \_\_\_\_\_

Leithdháileadh barúlach múinteoirí bunaithe ar chóimheas múinteoirí le daltaí {(a) + (b) + (c)} \_\_\_\_\_

(iv) **Poist mhúinteoireachta cheadaithe**

Iomlán lasmuigh den gcuóta (i) \_\_\_\_\_

Iomlán post lamháltais (ii) \_\_\_\_\_

Leithdháileadh barúlach bunaithe ar chóimheas múinteoirí le daltaí ag (iii) \_\_\_\_\_

**Iomlán # Coibhéis múinteoirí lánaimseartha** \_\_\_\_\_

# Ná cuirtear san áireamh nuair a tugtar an t-iomlán deiridh ach líon na bpost iomlán arna slánú suas nó síos.

**Aguisín B**

**SCEIDEAL DO PHOIST AN PHRÍOMHOIDE CHÚNTA AGUS AN  
MHÚINTEORA UM DHUALGAIS SPEISIALTA**

<b>Coibhéis Lánaim.</b>	<b>Príomhoide Cúnta</b>	<b>Múinteoir um Dhualgais Speisialta</b>
4-5	0	0
6-7	0	1
8	0	2
9-11	0	3
12	1	3
13	1	4
14-15	2	3
16-17	3	3
18	3	4
19-20	4	5
21-22	5	5
23-24	6	6
25-26	6	8
27-29	6	10
30-33	8	11
34-37	8	12
38-43	8	13
44-46	9	13
47-49	9	14
50-53	9	15
54-55	10	15
56-59	11	15
60-64	11	16
65-71	11	17
72-74	11	18
75-76	12	18
77-78	12	19
79-80	12	20
81-82	12	21
83-84	13	22
85-88	13	23
89-92	13	24
93-95	14	24
96-99	14	25
100-102	14	26
103-106	14	27
107-109	14	28
110-111	15	28

112-113	15	29
114-115	15	30
116-117	16	30
118-119	16	31
120-123	16	32
124-129	16	33
130-131	17	33
132-134	17	34
135-136	18	34
137-139	18	35
140-143	18	36
144-145	18	37
146-147	19	37
148-149	19	38
150-152	20	38
153-154	20	39
155-156	20	40
157-159	20	41
160-162	21	41
163-164	21	42
165-169	21	43
170-172	21	44
173-175	22	44
176-178	22	45
179-180	23	45
181-182	23	46
183-184	24	46
185-187	24	47
188-192	24	48
193-195	25	48
196-199	25	49
200	25	50

1. Tá an sceideal bunaithe ar leithdháileadh coibhéis múinteoirí lánaimseartha.
2. Tá ceartú déanta i dtaobh daltaí Iar-Ardteistiméireachta ina n-úsáideadh an fachtóir 1.5 chun teacht ar choibhéis lánaimseartha barúlach do scoileanna Iar-Ardteistiméireachta.
3. Coinneoidh scoil a chaillfeadh poist trí thagairt don sceideal a teideal chuig an leibhéal post atá aici faoi láthair go dtí an bhliain 2000.
4. De bhreis ar na poist a gintear ag an sceideal beidh teideal chuig post breise do Mhúinteoir um Dhualgais Speisialta ag gach scoil go bhfuil 70 dalta nó níos mó san idirbhliain inti.

Rannóg Múinteoirí  
Rannóg Múinteoirí Iarbhunoideachais  
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta  
Cor na Madadh  
Áth Luain  
Co. na hÍarmhí



Post-Primary Teachers Section  
Department of Education and  
Science  
Cornamaddy  
Athlone  
Co Westmeath

Imlitir 43/00

Chuir Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Gach Choiste Ghairmoideachais

Nósanna Imeachta Athbheithnithe Roghnúcháin  
i gcomhair Ceapacháin agus  
Ardú Céime do Mhúinteoirí i  
SCOILEANNA GAIRMOIDEACHAIS

**1. Nósanna Imeachta Nua Roghnúcháin**

- 1.1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta a chur in iúl do Choistí Gairmoideachais go dtángthas ar chomhaontú faoi na nósanna imeachta roghnúcháin seo a leanas tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara:

Múinteoirí

Príomhoidí, Príomhoidí Ionaid

Príomhoidí Cúnta agus Múinteoirí um Dhualgais Speisialta.

- 1.2. Tugann an tAire Oideachais agus Eolaíochta údarás leis seo d'fhorfheidhmiú na nósanna imeachta atá faoi chaibidil. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta nua maidir le gach comórtas le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair, 2000.
- 1.3. Téann an Imlitir seo in ionad gach Imlitreach roimhe seo agus in ionad gach socraithe maidir le ceapachán, ardú céime agus nósanna imeachta achomhairc.

**2. Ballraíocht na mBord Roghnúcháin**

- 2.1. Beidh ballraíocht na mBord Roghnúcháin i gcomhair ceapacháin chuig post múinteoireachta lánaimseartha shealadach nó buan, chuig poist an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta, chuig post an Phríomhoide Chúnta, an Phríomhoide Ionaid agus, i scoileanna ina bhfuil níos lú ná 500 dalta lae lánaimseartha amháin, chuig post an Phríomhoide, mar seo:

1 Ionadaí ón gCGO (atá ina ball nó ina bhall den gCGO)

1 Saineolaí Pearsanra  
1 Saineolaí Oideachais

Caithfidh gach ball a bheith i láthair.

- 2.2 Ma tá ceapachán Príomhoide i gceist i scoileanna ina bhfuil 500 dalta lae lánaimseartha nó níos mó beidh ballraíocht an Bhoird Roghnúcháin mar a leanas:

2 Ionadaí ón gCGO (atá ina mbaill den gCGO)  
1 Cigire ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta  
1 Saineolaí Pearsanra  
1 Saineolaí Oideachais

Sa chás seo is é is córam do chruinniú den tsórt seo ná ceathrar ach caithfidh an Cigire a bheith ina measc. Má tá ceapachán Múinteora Caiticeasmaic i gceist féadfaidh Údarás na Deoise an Saineolaí Oideachais a ainmniú.

- 2.3. De ghnáth tagann saineolaí amháin ar gach réimse ó liosta ainmniúcháin de chuid an CGO agus de chuid an Aontas Múinteoirí Éireann.
- 2.4. Beidh an Bord Roghnúcháin do mhúinteoirí incháilithe páirt-aimseartha mar a leanas:-

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó Leas-Oifigeach

Príomhoide nó Stiúrthóir Ionaid mar is cuí

Ionadaí ón gCGO

Is féidir an Bord Roghnúcháin mar atá sé leagtha amach an Alt 2.1. thuas a úsáid leis, chun múinteoirí incháilithe páirt-aimseartha a roghnú.

Faoi mar a tharlaíonn i gcás múinteoirí sealadacha lánaimseartha agus i gcás múinteoirí buana, ceapfar múinteoirí incháilithe páirtaimseartha chuig scéim an CGO seachas chuig scoil faoi leith. Tá na cúinsí ina mbronnfaí conarthaí do Mhúinteoirí incháilithe Páirtaimseartha leagtha amach in Aguisín 1.

- 2.5. Beidh ionadaíocht chothrom na n-inscní ar na Boird Roghnúcháin agus má tá cúigear ar bhord ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun go mbeidh beirt de gach inscne ar an mbord ar a laghad.
- 2.6. Má tá Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Scéime ina bhall nó ina ball den Bhord Roghnúcháin ba cheart dó/di gníomhú mar rúnaí. Mura bhfuil POF scéime i láthair ba cheart an fhreagracht as coinneáil na dtaifead a shannadh do chomhalta Boird. De mhalairt air sin féadfar ball foirne an CGO a shannadh don Bhoird mar rúnaí chun taifead a choinneáil.
- 2.7 Tionscnóidh an Cumann Gairmoideachais in Éirinn clár traenála um Scileanna Agallaimh Roghnúcháin do chomhaltaí Bord. Beidh sé de chuspóir ag an gclár

go mbeidh traenáil scileanna Agallaimh Roghnúcháin ar fáil ag gach ball san deireadh.

### **3. Painéal na Saineolaithe**

- 3.1. Ainmneoidh an CGO agus craobh áitiúil d’Aontas Múinteoirí Éireann daoine oiriúnacha chun painéal áitiúil de shaineolaithe oideachais agus de shaineolaithe pearsanra a chur le chéile. Ba cheart go léireodh líon na n-ainmnithe riachtanais na scéime. Caithfidh litir ón ainmní a bheith le gach ainmniú ina nglacann sé/sí leis an ainmniú agus ina gcuireann sé/sí in iúl go bhfuil sé/sí sásta fónamh ar Bhoird Roghnúcháin. Déanfaidh na painéil áitiúla i dteannta a chéile painéil náisiúnta de shaineolaithe oideachais agus pearsanra. Sa mhéid agus is féidir tarraingeofar pearsanra do Bhoird Roghnúcháin ó phainéil áitiúla agus forlíonfar iad de réir comhaontaithe de réir mar is gá. Mura féidir é seo a dhéanamh bainfear leas as an bpainéal náisiúnta ach má tharraingítear daoine ón bpainéal seo déanfar gach iarracht ar iad a tharraingt ó cheantar Geografach réasúnach.

Ba cheart go mbainfí cothromaíocht amach i mballraíocht na mBord Roghnúcháin i gcaitheamh ama, idir líon na n-ainmnithe ar an bpainéal ón gCGO agus ó Aontas Múinteoirí Éireann.

- 3.2. Is féidir le Príomhoidí a bheith ina mbaill de gach Bord Roghnúcháin i leith ceapachán mar atá leagtha amach in Alt 2 thuas. Is féidir le Príomhoidí a bheith ina mbaill de Bhoird Roghnúcháin i leith ardú céime chuig poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta faoi réir ag na coinníollacha thíos:
- (a) Is féidir le Príomhoidí a bheith ina mbaill de Bhoird Roghnúcháin i leith arduithe céime chuig poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta i scéim de chuid an CGO ach amháin an scéim ina bhfuil siad ag fónamh.
  - (b) Ar bhun píolótach is féidir le Príomhoidí na Scéimeanna i gCathair Bhaile Átha Cliath agus i gContae Bhaile Átha Cliath a bheith ina mbaill de Bhoird Roghnúcháin i leith arduithe céime ina scéimeanna féin. Ní bheidh Príomhoidí ina mbaill de Bhoird Roghnúcháin i leith arduithe céime ina scoileanna féin. Beidh an scéim pháilótach ar siúl sna blianta scoile 2000/01 agus 2001/02. Tuigtear nach bhfónfaidh níos mó ná haon Phríomhoide amháin ar Bhoird Roghnúcháin agus na socruithe seo a bheith á gcur i bhfeidhm.

Déanfar na nósanna imeachta seo a athbhreithniú roimh dheireadh na bliana scoile 2001/02 i gcomhar le forálacha eile an chomhaontaithe seo.

### **4. Critéir do Roghnúcháin i gcomhair ceapacháin chuig poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta.**



- 4.1. Beidh sé de chuspóir ag an mBord Roghnúcháin an t-iarratasóir is oiriúnaí a roghnú don phost. Le linn dá roghnúchán a bheith á dhéanamh aige glacfaidh an Bord na critéir agus an córas marcála seo a leanas chun cinneadh a dhéanamh faoina n-ord fiúntais atá le cur faoi bhráid an CGO.

Cumas an iarratasóra freastal ar riachtanais na Scoile marcanna	50% de na
Seirbhís don scéim ar leith	30% de na marcanna
Taithí ghairmiúil i réimse an Oideachais agus baint leis an scoil	20% de na marcanna

- 4.2. Cinnteoidh iomlán na marcanna a tugtar faoi cheannteidil (a), (b) agus (c) an t-ord fiúntais. Déanfar gach ceapachán ó chomórtas áirithe de réir ord fiúntais den tsórt seo.

## 5. Tástáil na n-iarratasóirí agus bronnadh na marcanna

- 5.1. Maidir le hiarratasóirí a mheasúnú i leith post an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta, is liosta táscach, ní liosta iomlán é an liosta seo a leanas, de réimsí cuí tástála ag Boird Roghnúcháin nuair a thugann siad marcanna faoi gach ceann de na ceannteidil (a), (b) agus (c).

(a) ***Cumas an iarratasóra freastal ar riachtanais na Scoile – 50% d'Iomlán na Marcanna atá ar fáil san agallamh***

***Réimsí táscacha tástála.***

Eolas agus tuiscint ar shaincheistean oideachais ábhartha lena n-áirítear forálacha agus struchtúir reatha na scoile.

Cumas ról bainistíochta ar mheánleibhéal a chomhlíonadh trí fhreastal ar riachtanais na scoile faoi mar tá leagtha amach sa sceideal.

Cur le bainistíocht, eagrú agus forbairt fhoriomlán na scoile. Scileanna cumarsáide agus eagrúcháin.

Cur i láthair ginearálta an cháis, lena n-áirítear an fhoirm iarratais agus an CV.

(b) ***Seirbhís don scéim ar leith (Uasmhéid 30% d'Iomlán na marcanna atá ar fáil san agallamh)***

I gcás an iarratasóra is sinsearaí ba cheart go dtabharfaí marcanna i gcomhair seirbhíse don tsainscéim i bpost buan lánaimseartha, i bpost sealadach agus i bpost páirtaimseartha ar bhonn 100% na marcanna atá ar fáil agus ar bhonn pro rata do na hiarratasóirí eile. Beidh ríomha den tsórt seo de réir Imlitreach 44/00 agus de réir aon imlitreacha ina dhiaidh sin, ag gabháil ionaid nó ag leasú an

céanna, a eisiónn an tAire Oideachais agus Eolaíochta ó am go ham.

- (c) *Taithí ghairmiúil i réimse an Oideachais agus baint leis an scoil (Uasmhéid 20% d'Iomlán na Marcanna atá ar fáil san agallamh)*

Réimsí tascacha tástála.

Forbairt Ghairme Phearsanta trí chlár inghairme, é sin nó trí chlár sheachtracha.

Baint le Boird Bhainistíochta / le hEagraíochtaí Ionadaíochta na gCumann Tuismitheoirí / le Coistí Scoile.

Obair i gcomhar le heagraíochtaí agus le forais oideachais.

Forbairt chúrsa / ábhair, comhordú cúrsaí.

A bheith páirteach in eagrú ócáidí scoile, mar shampla laethanta oscailte, bronnadh duaiseanna, cruinnithe eolais do thuismitheoirí, gníomhaíochtaí lasmuigh den gcuraclam, turasanna scoile.

## **6. Poist a fhógairt**

- 6.1. Ba cheart poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta a fhógairt de réir Imlitreach 20/98. De bhreis air sin ba cheart do scoileanna an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil d'iarratasóirí:
- (a) Liosta na bpost go léir atá sa scoil faoi láthair agus na ndualgas atá ag gabháil leis na poist.
  - (b) Liosta dualgas eile a bhaineann le poist fhreagrachta agus a mheasann an Bord Bainistíochta gur riachtanais tosaíochta iad sa scoil tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhoide agus leis an bhfoireann de réir Imlitreach 20/98.

Ba cheart a chur in iúl d'iarratasóirí go ndéanfar iad a mheasúnú de réir a gcumais na dualgais atá luaite thuas faoi (a) agus (b) a chomhlíonadh.

**Nós imeachta achomhairc maidir le ceapachán chuig poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta**

## **7. Achomhairc**

- 7.1. Is féidir le hiarratasóir achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh an Bhoird Roghnúcháin ar fhoras nár bhain an Bord leas as na critéir agus as an scéim mharcála chomhaontaithe mar atá leagtha amach thuas.
- 7.2. Is é is cuspóir don nós imeachta achomhairc ná a áirithiú go bhfuil measúnú déanta ar iarratasóirí agus gur thug an Bord Roghnúcháin marcanna dóibh de réir na gcritéir agus de réir na scéime marcála mar atá leagtha amach in ailt 4 agus 5 na hImlitreach seo.
- 7.3. Ní hionstraim é an próiseas achomhairc chun an measúnú atá déanta ag an mBord a scrúdú nó a shárú nó chun sárúithe teicniúla eile na nósanna imeachta roghnúcháin atá leagtha amach san Imlitir seo a phlé. Ba cheart aon inní maidir le difríochtaí nó maidir le léirmhíniú ar ghnéithe den imlitir a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta chun go ndéanfaí cinneadh fúthu.
- 7.4. Níl ach na cúiseanna seo a leanas ina gcúiseanna achomhairc tríd an nós imeachta seo:
  - (i) Níor measúnaíodh an t-iarratasóir de réir na gcritéir atá leagtha amach in ailt 4 agus 5 na hImlitreach seo

**é sin nó**

- (ii) Níor ríomhadh na marcanna ar sheirbhís don scéim i gceart.
- 7.5 Caithfidh gach achomharc cuntas cruinn a thabhairt ar na cúiseanna maidir le 7.4.(1) agus 7.4.(ii) thuas. Tabharfaidh an t-achomharc breac-chuntas ar na hargóintí a déanfar ag éisteacht bhéil. Ní cead aon shaincheistean breise a phlé ag éisteacht. Ag céim na héisteachta béil ní cead ábhair sheachtracha, líomhaintí nó argóintí nach bhfuil baint acu leis an n-achomharc i scríbhinn agus le ráiteas an CGO maidir lena sheasamh a thabhairt isteach.
- 7.6 Caithfear Achomharc a sheachadadh chuig an CGO laistigh de 14 lá féilire ó fhógra a fháil faoi mholadh an Bhoird Roghnúcháin.
- 7.7. Cuirfidh an CGO gach iarratasóir ar an eolas faoi na hachomhairc laistigh de 14 lá féilire ó dháta deiridh chun achomhairc a fháil agus cuirfidh sé an t-achomharc ar aghaidh chuig an Eadránaí cuí. Le linn dó an t-achomharc a chur ar aghaidh chuig an Eadránaí cuirfidh an CGO ráiteas faoina sheasamh féin faoi iamh. Sa ráiteas sin beidh gach argóint is mian leis an gCGO a dhéanamh ag éisteacht bhéil. Cuirfear cóip de ráiteas an CGO chuig an achomharcóir ag an am céanna.
- 7.8. Ní dhéanfar aon cheapachán go dtí go mbeidh toradh ar an bpróiseas achomhairc.
- 7.9. Socróidh an tEadránaí éisteacht bhéil a luaithe is féidir. Is inmhianaithe an éisteacht a chur ar siúl laistigh de 15 lá ón achomharc a fháil. Cuirfidh comhairleoirí ainmnithe ó Chumann Gairmoideachais in Éirinn agus ó Aontas Múinteoirí Éireann araon comhairle ar an Eadránaí ag an éisteacht bhéil.

7.10. Tar éis don Eadránaí cás an achomharcóra a chloisint agus dul i gcomhairle leis na comhairleoirí féadfaidh an tEadránaí:

- (i) cinneadh a dhéanamh
- (ii) tuilleadh eolais/doiciméidí a lorg roimh chinneadh a dhéanamh nó di. Cuirfear aon eolas nó doiciméidí den tsórt sin ar fáil don achomharcóir, don CGO agus do chomhairleoirí an Chumann Gairmoideachais in Éirinn agus Aontas Múinteoirí Éireann. Lasmuigh den méid seo ní dhéanfaidh na páirtithe aon aighneacht eile don Eadránaí.

Eiseoidh an tEadránaí a chinneadh nó a cinneadh a luaithe is indéanta. Is é a bheidh sa chinneadh ná

- (i) diúltú don achomharc  
nó
- (ii) seasamh leis an achomharc

Tabharfar na cúiseanna atá leis an gcinneadh.

7.11 Cuirfear an cinneadh in iúl do gach iarratasóir. Má sheastar leis an achomharc tabharfar cuireadh do na hiarratasóirí a bhí ann i dtosach a bheith i láthair ag an dara agallamh. Má dhiúltaítear don achomharc ceapfar an t-iarratasóir gur éirigh leis i dtús báire.

7.12 Tá na socrúithe agus na téarmaí tagartha ceapacháin d'Eadránaithe leagtha amach in Aguisín II.

## **8. Cóipeanna den Imlitir**

8.1.1. Iarrtar ort cóip den Imlitir seo a chur ar fáil d'ionadaithe na dtuismitheoirí agus na múinteoirí ar na Boird Bhainistíochta.

**Johnny Bracken,  
Príomhoifigeach.**

**Mí na Samhna, 2000.**

## Aguisín 1

### CONARTHAÍ MÚINTEORA PHÁIRTAIMSEARTHA INCHÁILITHE

In imlitreacha 30/89 agus 39/89 leagtar amach na coinníollacha a ghabhann le conarthaí mhúinteora pháirtaimseartha incháilithe go ginearálta. San aguisín seo déantar cur-síos ar na comhaontuithe ar a dtángthas maidir le hoibriú na scéime i gCGO le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2000.

Le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2000 is féidir Conradh múinteora pháirtaimseartha incháilithe a thabhairt do mhúinteoir atá bunaithe ar na huaireanta páirtaimseartha atá ar fáil i níos mó ná scoil amháin. Ina leithéid sin de chás ní thabharfar uaireanta i mbreis is trí scoileanna don mhúinteoir ach tá íosmhéid de 3 huairé páirtaimseartha in aghaidh na seachtaine in aon cheann de na scoileanna le déanamh aige nó aici.

Más rud é nach bhfuil dóthain uaireanta páirtaimseartha ann a thuilleadh a chothódh Conradh múinteora pháirtaimseartha incháilithe tairgfear aon fhuíoll uaireanta a d'fhéadfadh a bheith ann don mhúinteoir atá i seilbh an chonartha ar choinníoll go bhfuil sé nó sí oiriúnach chuige sin agus go bhfuil seirbhís shásúil á chur ar fáil aige nó aici.

Má leanann uaireanta atá ann cheana féin do mhúinteoirí páirtaimseartha incháilithe de bheith ar fáil agus más rud é go bhfuil seirbhís na múinteoirí páirtaimseartha incháilithe sásúil ní bheidh agallamh nua ag teastáil ón gCGO le linn an phróisis cheapacháin.

Tá comhaontú déanta go bhfuil feidhm ag téarmaí ailt 5 den 'Comhaontú idir Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath agus Aontas Múinteoirí Éireann faoi oibriú na scéime pro-rata do Mhúinteoirí Páirtaimseartha incháilithe (23ú Márta, 1989)' i dtaobh gach múinteora pháirtaimseartha incháilithe. D'eisíodh an comhaontú seo in Imlitir Uimh. 38/89 dar dáta 25 Bealtaine, 1989. Tá cóip den alt ábhartha ceangailte de seo.

## Aguisín II

### Téarmaí Tagartha d'Eadránaithe

1. Ceapann an Cumann Gairmoideachais in Éirinn eadránaithe i gcomhar le hAontas Múinteoirí Éireann. Is iad seo na téarmaí tagartha faoina n-oibreoidh an t-eadránaí. D'fhéadfadh go ndéanfaí na téarmaí tagartha seo a leasú ó am go ham trí threoir i scríbhinn ón dá eagraí le chéile. Comhdheimhniú ard-rúnaí an Chumainn Ghairmoideachais in Éirinn agus ard-rúnaí Aontas Múinteoirí Éireann an treoir trí í a shíniú. I gcás go mbíonn amhras nó easaontas ar bith ann maidir le léirmhíniú na dtéarmaí tagartha seo cuirfear an scéal faoi bhráid an Chumainn Ghairmoideachais in Éirinn agus Aontas Múinteoirí Éireann agus is cinneadh críochnaitheach é a gcinneadh-san.
2. Níl aon fhorais achomhairc ann faoin nós imeachta seo ach amháin iad siúd atá leagtha amach in Imlitir 43/00. Ba cheart go míneofaí go soiléir i ngach achomharc cad iad na cúiseanna atá leis agus na hargóintí a úsáidfear ag éisteacht bhéil. Má thugtar aon ábhar nach mbaineann leis an agallamh agus leis na critéir mharcála isteach d'fhéadfadh gur leor é seo chun an t-achomharc a dhícheadú.
3. Gabhfaidh ráiteas cáis ón gCGO le gach achomharc a chuirfear faoi bhráid an Eadránaí.
4. Ní bhreithneoidh an tEadránaí ar aon argóint ach amháin orthu siúd atá san Achomharc agus i ráiteas an CGO.
5. Tionólfaidh an tEadránaí éisteacht bhéil a luaithe is féidir tar éis dó nó di an t-achomharc a fháil. Is inmhianaithe go gcuirfí an éisteacht ar siúl laistigh de 15 lá ón lá go bhfuair an t-Eadránaí an t-achomharc. Ba cheart go ndéanfaí gach iarracht chun an chuspóir seo a bhaint amach.
6. Cuirfidh comhairleoir ainmnithe ó Chumann Gairmoideachais in Éirinn agus ó Aontas Múinteoirí Éireann araon comhairle ar an Eadránaí ag an éisteacht bhéil.
7. I ndiaidh na héisteachta cuirfidh an tEadránaí deimhniú i scríbhinn chuig an dá pháirtí. Luafar na cúiseanna atá leis an gcinneadh sa deimhniú. Ní bheidh a thuilleadh comhfhreagras nó cumarsáid idir an Eadránaí agus na páirtithe.
8. Nuair a cheaptar Eadránaí tabharfaidh an Cumann Gairmoideachais in Éirinn agus Aontas Múinteoirí Éireann treoracha don Eadránaí i gcomhar lena chéile.
9. Cé gur comhcheapachán é an ceapachán agus cé go n-íocfaidh an CGO agus Aontas Múinteoirí Éireann costas na headrána le chéile socróidh an Cumann Gairmoideachais in Éirinn íocaíochtaí chuig na hEadránaithe go léir.

**Comhaontú idir Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath agus  
Aontas Múinteoirí na hÉireann maidir le hoibriú na scéime pro-rata do  
Mhúinteoirí páirtaimseartha incháilithe (23ú Márta 1989).**

5. Nósanna imeachta um Idirchaidreamh Tionsclaíoch
- 5.1 Admhaíonn an Coiste agus an tAontas nach mbíonn fadhb ag formhór na múinteoirí maidir le gníomh smachtaithe riamh. Urramaítear nósanna imeachta atá i bhfeidhm idir an Choiste agus an tAontas d'fhonn a áirithiú go ndéantar an gníomh smachtaithe go cothrom agus go réasúnta más gá é a dhéanamh i ndála neamhghnáthacha agus go dtugtar aird chuí ar chearta agus ar fhreagrachtaí gach páirtí atá bainteach leis an scéal.
- 5.2 I gcomhthéacs ailt 5.1, is mian leis an gCoiste agus leis an Aontas araon múinteoirí atá fostaithe ar bhonn pro-rata a spreagadh chun deacrachtaí beaga a réiteach trí plé a dhéanamh orthu leis an té atá i gceannas air nó uirthi go díreach.
- 5.3 Mura bhfuiltear tagtha ar réiteach dá éis sin cuirfear an scéal faoi bhráid an Phríomhoide agus féadfaidh ionadaí ó Aontas Múinteoirí Éireann ionadaíocht a dhéanamh don múinteoir. Tabharfaidh Príomhoide na Scoile/an Choláiste comhairle ó bhéal don múinteoir maidir le sainghnéithe dá chuid oibre nó dá cuid oibre nach bhfuil sásúil. Míneoidh Príomhoide na Scoile/an Choláiste go soiléir gur céad rabhadh é an méid a deir sé agus tabharfaidh sé nó sí eolas don múinteoir faoi na feabhsuithe a mheastar a bheith ag teastáil.
- 5.4 Má mheastar nach bhfuil na feabhsuithe a lorgaíodh bainte amach agus má leanann obair an mhúinteora de bheith míshásúil daingneoidh an Príomhoide a chuid ráiteas nó a cuid ráiteas i scríbhinn chuig an múinteoir. Chomh maith leis sin míneoidh Príomhoide na Scoile/an Choláiste go soiléir i scríbhinn gur céad rabhadh i scríbhinn é a dhaingniú nó a daingniú, agus cuirfidh sé nó sí cóip den litir chuig Rannóg Pearsanra an Choiste leis.
- 5.5 Má mhaireann na fadhbanna fós, cuirfidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó Oifigeach Sinsearach an Choiste gur tarmligeadh na feidhmeanna seo dó nó di litir chuig an múinteoir chun a chur in iúl dó nó di gur rabhadh críochnaitheach é a litir agus cuirfidh an tOifigeach in iúl dó nó di leis, go bhféadfaí post an mhúinteora a fhoirceannadh mura mbaintear an feabhsúchán a mheastar a bheith ag teastáil amach. Cuirfear cóip den litir chuig Rannóg Pearsanta an Choiste agus chuig Príomhoide na Scoile/an Choláiste chomh maith.
- 5.6 Aon mhúinteoir a fuair rabhadh críochnaitheach i scríbhinn de réir an mhéid thuas agus a mhainníonn leibhéal oibre a choinneáil a mheastar a bheith sásúil, d'fhéadfaí é nó í a dhífhostú ach ní féidir é seo a dhéanamh ach amháin de réir na nósanna imeachta um idirchaidreamh tionsclaíoch a comhaontaíodh idir an Choiste agus Aontas Múinteoirí Éireann.

- 5.7 Déanfar gach iarracht chun an fhadhb atá ann a réiteach ag gach aon chéim na nósanna imeachta atá leagtha síos anseo. De bhreis air sin tá rogha ag an múinteoir ag gach aon chéim de na nósanna imeachta thuas, achomharc a dhéanamh in aghaidh na ngníomhartha a déantar trí leas a bhaint as na nósanna imeachta um idirchaidreamh tionsclaíoch a comhaontaíodh idir an Choiste agus Aontas Múinteoirí Éireann.
- 5.8 Mura dtagtar ar réiteach faoi 5.7 cuirfear an díospóid faoi bhráid Choimisinéara Cearta nó faoi bhráid Phríomhoifigeach Idir-réitigh de chuid na Cúirte Oibre. D'fhéadfadh sé nó sí Comhdháil Idir-réitigh agus tarchur chun na Cúirte Oibre a shocrú de réir mar is cuí. Ní bheidh aon ghníomhaíocht thionsclaíoch ann go dtí go mbeidh an nós imeachta seo críochnaithe agus go dtí go mbeidh a moladh nó a mholadh eisithe ag an gCúirt Oibre nó ag an gCoimisinéir Idir-réitigh.
- 5.9 De ghnáth cuirtear múinteoir ar fionraí láithreach de dheasca sárú ar Chlásal 2.3 an Chonartha Fostaíochta agus de dheasca cionta mí-iompair thromchúisigh eile go bhfuiltear in amhras fúthu nó atá líomhanta. Tar éis iniúchta a dhéanamh d'fhéadfaí an múinteoir a dhífhostú láithreach má dheimhnítear an cion agus mura bhfuil aon chúinsí maolaitheacha ann. Is féidir leis an múinteoir achomharc a dhéanamh in aghaidh an ghnímh ag gach aon chéim den nós imeachta trí leas a bhaint as na nósanna imeachta um idirchaidreamh tionsclaíoch a comhaontaíodh idir an Choiste agus Aontas Múinteoirí Éireann.



Rannóg Múinteoirí Iarbhuideochais  
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta  
Cor na Madadh  
Áth Luain  
Co. na hÍarmhí



Post-Primary Teachers Section  
**Department of Education and  
Science**  
Cornamaddy  
Athlone  
Co Westmeath

## **Imlitir 44/00**

Chuig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Gach Choiste Ghairmoideachais

### **Áireamh Seirbhíse chun críocha Ceapacháin chuig Post an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta i nGAIRMSCOILEANNA**

Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta a fhógairt go mbeidh feidhm ag na socrúithe seo a leanas chun seirbhís a ríomh chun críocha ceapacháin chuig post an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta mar atáid leagtha amach in ailt 4.1 agus 5.1(b) in Imlitir 43/00, tar éis aird a thabhairt ar chomhairle an Ard-Aighne ó thaobh an ábhair seo agus tar éis comhaontaithe a bheith déanta idir an Cumann Gairmoideachais in Éirinn, Aontas Múinteoirí Éireann agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

1. Deimhneofar sinsearachta na n-iaratasóirí faoi threoir fhad na seirbhíse amhail 1ú Meán Fómhair na bliana ina ndéantar an ceapachán nó na ceapacháin, agus faoi threoir sheirbhíse cáilithe mar mhúinteoir buan, mar mhúinteoir sealadach, mar mhúinteoir ionadaíochta, mar mhúinteoir incháilithe páirt-aimseartha nó mar mhúinteoir páirt-aimseartha i scéim CGO ar leith.
2. Féadfar uasmhéid bliana amháin de chreidmheas a thabhairt maidir le haon bhliain scoile áirithe. Cuirfear sinsearachta chun sochair mar bhlianta iomlána amháin agus ríomhfar mar seo a leanas iad:
  - (a) áireofar gach bliain iomlán seirbhíse mar bhliain amháin chun críocha sinsearachta.
  - (b) áireofar seirbhís bhuan, seirbhís shealadach, seirbhís ionadaíochta, seirbhís incháilithe pháirt-aimseartha agus seirbhís pháirt-aimseartha ar feadh 22 sheachtaine scoile ar a laghad in aon bhliain scoile áirithe mar bhliain iomlán chun críocha sinsearachta.

- (c) áireofar seirbhís bhuan, seirbhís shealadach, seirbhís ionadaíochta, seirbhís incháilithe pháirt-aimseartha agus seirbhís pháirt-aimseartha gur mó ná 200 uair í in aon bhliain scoile áirithe in éineacht nó ar leithligh mar bhliain iomlán chun críocha sinsearacha.
- (d) ní féidir seirbhís gur lú ná 22 sheachtaine scoile í in aon bhliain scoile áirithe a ríomh.
- (e) ní féidir seirbhís gur lú ná 200 uair í in aon bhliain scoile áirithe a ríomh.

Beidh feidhm ag na socruithe athchóirithe láithreach agus ba cheart iad a chur i bhfeidhm maidir le gach post atá le líonadh fós ó thosach na bliana scoile 1999/2000.

Iarrtar ort cóip den Imlitir seo a chur ar fáil d'ionadaithe na dtuismitheoirí agus na múinteoirí ar na Boird Bhainistíochta.

**Johnny Bracken,**  
**Príomhoifigeach.**

**Mí na Samhna, 2000.**

Dept. of Education & Science  
Post Primary Teachers Section  
Cornamaddy,  
Athlone,  
Co. Westmeath.

Tel. 090-6483808/3832  
Fax. 090-6484063



An Roinn Oideachais & Eolaíochta  
Rannóg Múinteoirí Iarbhunoidreachais  
Cor na Madadh,  
Baile Átha Luain  
Co. na hIarmhí

## **Imlitir PPT 06/02**

Chuig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Gach Choiste Ghairmoideachais

### ***Socruithe Athchóirithe chun go gcuimseoidh Incháilitheacht do Phoist Ardaithe Céime i nGairmscoileanna agus i gColáistí Pobail Seirbhís Shealadach Mhúinteoireachta Áirithe.***

Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta a fhógairt go dtángthas ar chomhaontú le hAontas Múinteoirí Éireann, leis an gCumann Gairmoideachas in Éirinn agus leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le socruithe athchóirithe i leith incháilitheachta do Phoist an Phríomhoide, an Phríomhoide Ionaid, an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta tar éis achtú an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001. Beidh feidhm ag na socruithe athchóirithe láithreach agus ba cheart iad a chur i bhfeidhm maidir le gach comórtas san am le teacht agus maidir le gach comórtas atá ar siúl faoi láthair nach bhfuil a bpróiseas roghnúcháin críochnaithe fós.

#### **Incháilitheacht**

Caithfidh iarratasóirí ar cheapachán chuig post an Phríomhoide agus an Phríomhoide Ionaid cúig bliana seirbhíse lánaimseartha múinteoireachta a bheith déanta acu ar a laghad, nó a choibhéis sin.

Maidir le poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta, tá gach múinteoir cáilithe ar fhoireann na scoile ag a bhfuil seirbhís lánaimseartha trí bliana agus bliain amháin faoi seach ar a laghad, nó a choibhéis sin déanta acu, incháilithe chun cur isteach ar an post má tá sé nó sí faoi chonradh don bhliain scoile ar fad.

#### **Áireamh Seirbhíse i leith incháilitheachta do phoist**

Áireofar an tseirbhís seo a leanas mar sheirbhís bliana iomláine:

- (a) Áireofar seirbhís bhuan, seirbhís shealadach, seirbhís incháilithe pháirt-aimseartha, seirbhís ionadaíochta agus seirbhís pháirt-aimseartha gur 22 sheachtaine nó níos mó í in éineacht nó ar leithligh in aon bhliain scoile áirithe mar bhliain iomlán chun críocha incháilitheachta;
- nó
- (b) Áireofar seirbhís bhuan, seirbhís shealadach, seirbhís incháilithe pháirt-aimseartha, seirbhís ionadaíochta agus seirbhís pháirt-aimseartha gur 200 uair nó níos mó í in éineacht nó ar leithligh in aon bhliain scoile áirithe mar bhliain iomlán chun críocha incháilitheachta.

### **Ginearálta**

Sula gceapfar iarratasóir gur éirigh leis nó léi sa chomórtas chuig post freagrachta tá mar choinníoll ann go mbeidh an múinteoir ar fáil chun na dualgais a ghabhann leis an bpost a chomhall. D'fhéadfadh go mbeadh gá le bheith i láthair sa scoil ar feadh na seachtaine scoile ar fad de bharr nádúr na ndualgas a bhaineann le poist fhreagrachta. Má cheaptar múinteoir páirt-aimseartha chuig post freagrachta d'fhéadfadh gur gá na riachtanais a bhaineann le láithreach an mhúinteora sa scoil a athrú chun na dualgais seo a chomhall. Má éiríonn le múinteoir páirt-aimseartha sa chomórtas téann incháilitheacht an mhúinteora don phost sin i léig nuair a bhíonn tréimhse an chonartha mhúinteoireachta istigh ach amháin má gheibheann an múinteoir conradh lánaimseartha nó conradh páirt-aimseartha mhúinteoireachta eile díreach tar éis do thréimhse an chonartha reatha a bheith istigh.

Ní cead d'aon mhúinteoir a bheith i mbun níos mó ná aon phost freagrachta ag aon am áirithe.

### **Leathadh na hImlitreach**

Iarrtar ort cinntiú go gcuirfear cóipeanna na himlitreach seo ar fáil d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí chun go dtabharfaí do gach tuismitheoir agus do gach mhúinteoir iad.

Johnny Bracken  
Príomhoifigeach

Mí Aibreáin 2002.

**AGUISÍN (ii)**

**Nósanna Imeachta Roghnúcháin do Phoist i gColáistí**

*Beidh na nósanna imeachta de réir na nImlitreacha seo a leanas de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta:-*

*Imlitir 20/98;*

*Imlitir 21/98;*

*Imlitir 6/02;*

*Imlitir 13/02;*

*Imlitir 14/02;*

*Imlitir 15/02.*



Imlitir 20/98

Chuig: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
gach Choiste Ghairmoideachais

***Cur i bhfeidhm struchtúr athchóirithe bainistíochta scoile i ngairmscoileanna agus i gcoláistí pobail.***

Bhí tógraí maidir le bainistíocht inscoile sa Chomhaontú Pá agus Coinníollacha do Mhúinteoirí faoi Chlásal 2(iii) in Aguisín 1 an Chláir um Iomaíochas agus Obair.

Tugann an tAire Oideachais agus Eolaíochta údarás anois d'forfheidhmiú na struchtúr leasaithe um bhainistíocht scoile i ngairmscoileanna agus i gcoláistí pobail.

Tá na tógraí seo dírithe ar fheabhas mór a chur ar bhainistíocht inscoile i scoileanna dara leibhéal trí athstruchtúrú a dhéanamh, agus ar fhreagra a thabhairt ar éilimh ó cheardchumann na múinteoirí ar struchtúir fheabhsaithe ghairmréime agus dheiseanna feabhsaithe do mhúinteoirí chomh maith le pá ardaithe do shealbhóirí poist.

Áirítear iad seo a leanas ar na cuspóirí:

freagrachtaí na bpost a chur in oiriúint, ar shlí níos soiléire, do thascanna lárnacha na scoile agus na freagrachtaí a bhaineann le poist dhifriúla a shonrú go soiléir trí bhéim a chur ar sholáthar deiseanna do mhúinteoirí freagracht a ghlacadh sa scoil as ceannaireacht theagascach, as forbairt churaclaim, as bainistiú foirne agus a gcuid forbartha agus as obair acadúil agus obair thréadach na scoile.

Cuirfear gráid an Phríomhoide, an Phríomhoide Ionaid, an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta in ionad an struchtúir atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin, Príomhoide, Leasphríomhoide, Grád A agus Grád B.

Cuirfear sceidil atá bunaithe ar líon na bpost ceadaithe múinteoireachta i scoileanna in ionad na sceideal do leithdháileadh post ar scoileanna atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin, sceideal atá bunaithe ar chatagóirí pointí scoileanna. Tá sonraí faoi na sceidil athchóirithe do scoileanna dara leibhéal ar fáil in [Imlitir 21/98](#) i dteannta modh ríofa coibhéis lánaimseartha na múinteoirí chun críocha leibhéal na liúntas don bPríomhoide agus don bPríomhoide Ionaid a ríomh agus chun poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta a ghiniúint.

## **RÁTAÍ NA LIÚNTAS**

Socrófar rátaí na liúntas do phoist san struchtúr athchóirithe trí ardú de 28% a chur le rátaí reatha na liúntas do phoist chomhfhreagracha. De bhreis air sin ardófar íosmhéid an liúntais do Phríomhoidí agus ardófar an t-uasteorainn ar liúntais do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Ionaid. Leagfar rátaí na liúntas do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Ionaid síos faoi threoir an líon ceadaithe múinteoirí atá ar fhoireann na scoile.

Cuirfear liúntas méadaithe do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Ionaid i bhfeidhm, i dtrí céimeanna comhionanna ón 1ú Meán Fómhair, 1996, ón 1ú Meán Fómhair, 1997 agus ón 1ú Meán Fómhair, 1998.

Cuirfear liúntas do Phríomhoidí Cúnta agus do Mhúinteoirí um Dhualgais Speisialta i bhfeidhm i dtrí céimeanna comhionanna ón 1 Eanáir, 1997, ón 1ú Meán Fómhair, 1997 agus ón 1ú Meán Fómhair 1998.

Chun cáiliú le haghaidh an ráta athbhreithnithe pá beidh sé de cheangal ar Phríomhoidí, ar Phríomhoidí Ionaid agus ar shealbhóirí poist eile na dualgais atá sannta dóibh agus na freagrachtaí a ghabhann lena bpoist a ghabháil de láimh de réir a gconarthaí.

Más rud é nach féidir leis an bPOF deimhniú i gcúinsí neamhghnácha go bhfuil a chuid dualgas nó a cuid dualgas á gcomhlíonadh de réir mar a sannadh dá phost nó dá post ag Príomhoide nó ag Leasphríomhoide nó ag sealbhóir poist reatha féadfaidh an Príomhoide, an Leasphríomhoide nó an sealbhóir poist an liúntas atá aige nó aici cheana féin a choinneáil ar choinníoll go leanfaidh sé nó sí de bheith ag comhlíonadh na dualgais atá aige nó aici.

Tá na sonraí ar fad faoi na liúntais atá iníoctha agus faoi na coinníollacha atá ag gabháil le híocaíocht liúntas dá sórt ar fáil in [Imlitir 22/98](#).

## **COINNÍOLLACHA A RIALAÍONN NA TÓGRAÍ**

Tá na socruithe athchóirithe um bhainistíocht inscoile faoi réir ag na coinníollacha seo a leanas a bhaineann le

- (a) na freagrachtaí agus na dualgais a ghabhann leis na poist agus
- (b) ceapachán sna poist.

### **Freagrachtaí/Dualgais**

Déanfaidh an Príomhoide, an Príomhoide Cúnta agus sealbhóirí poist freagrachta i dteannta a chéile an fhoireann bainistíochta inscoile don scoil.

Is ag an bPríomhoide atá an fhreagracht fhoriomlán faoin bPOF as bainistíocht laethúil na scoile.

Gabhfaidh gach sealbhóir poist na dualgais de lámh a bhaineann le grád an phoist ina bhfuil siad ceaptha, de réir a gconarthaí.

Nuair a shanntar a gcuid dualgas do phoist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta ba cheart do na dualgais a bheith cuimsitheach sa tslí go mbeidh siad oscailte d'iarratais ó gach ball incháilithe den bhfoireann múinteoireachta. Sannfar na dualgais de réir tógraí athbhreithnithe sa Chlár um Iomaíochas agus Obair do Mhúinteoirí atá leagtha amach in Aguisín 1.

D'fhéadfaí na dualgais a ghabhann le poist a athrú ó am go ham tar éis próisis chomhairliúcháin, de réir mar a éilíonn riachtanais na scoile, faoi réir an phoist athchóirithe go bhfuil an leibhéal céanna freagrachta ag gabháil leis, de ghnáth, agus a bhí ag gabháil leis an bpost roimhe seo.

Formheasfaidh an POF go foirmiúil sceideal na ndualgas poist agus ainmneacha na ndaoine a dhéanfaidh na dualgais agus cuirfear cóip chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

### **Ceapacháin**

Ceapfar sealbhóir gach poist de réir na nósanna imeachta foirmiúla roghnúcháin.

Má tá folúntas i bpost an Phríomhoide líonfar an post trí chomórtas oscailte.

Faoi láthair líontar post an Leasphríomhoide i ngairmscoileanna ó laistigh den scéim CGO nó trí chomórtas oscailte, rud atá níos dealraithí. Líonfar poist an Leasphríomhoide i gColáistí Pobail ainmnithe trí chomórtas oscailte.

Leanfar den gcleachtas atá ann cheana féin chun folúntais i bpoist do Phríomhoidí Cúnta a líonadh (faoi mar a dhéantar i gcás Leasphríomhoidí). Déanfar an cinneadh cé acu an líonfar post ó laistigh den Scéim nó trí chomórtas oscailte a shocrú, áfach, ag líon na múinteoirí i scoil seachas de réir an rátáil phointí faoi mar a deintí roimhe seo. Líonfar folúntais i bpoist an Phríomhoide Chúnta i ngairmscoileanna le 10 múinteoirí nó níos lú ná sin ó laistigh den Scéim san am le teacht ach líonfar folúntais i scoileanna le 11 múinteoir nó níos mó trí chomórtas oscailte. Baineann an uimhir seo leis an líon a cinneadh faoi stiúir ríomh coibhéise lánaimseartha na múinteoirí dá dtagraítear in [Imlitir 21/98](#).

Maidir le poist eile, líonfar folúntais ó líon na múinteoirí sa scoil.

Folúntais do phoist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta a fhógairt - tá gach múinteoir ar fhoireann na scoile go bhfuil ar a laghad seirbhís múinteoireachta 3 bliana agus seirbhís lánaimseartha bliana amháin curtha isteach incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar phoist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta faoi seach.

Fógrófar an post folamh sa scoil ar feadh thréimhse 5 lá scoile ar a laghad .i. laethanta ar a bhfuil an scoil ar siúl do na daltaí.



Déanfar gach iarracht réasúnach aire na múinteoirí incháilithe go léir a tharraingt ar an bhfolúntas. Cáilíonn baill fhoirne atá ar shaoire cheadaithe chun iarratas a chur isteach agus dá bhrí sin, ba cheart cóip den bhfógra a chur chuig seoltaí ainmnithe na múinteoirí sin.

Sonróidh an fógra dáta deiridh i gcomhair iarratais i scríbhinn a fháil agus ba cheart gan an dáta seo a bheith níos túisce ná deich lá scoile tar éis an chéad lá a cuireadh an fógra suas sa scoil.

Sonróidh an fógra catagóir an phoist.

### **Socruithe maidir le hAistriú**

Maidir leis na ceapacháin tosaigh do na poist beidh feidhm ag na socruithe seo a leanas:

(a) Féadfar gach Príomhoide agus gach Leasphríomhoide a cheapadh chun post nua an Phríomhoide agus an Phríomhoide Ionaid faoi seach ar choinníoll go bhfuil siad sásta, de réir a gconarthaí, na dualgais agus na freagrachtaí sannta a ghabhann leis na post seo a chomhlíonadh.

(b) Féadfar sealbhóirí poist den Ghrád B agus den Ghrád A a cheapadh i ngráid nua an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta agus an Phríomhoide Chúnta faoi seach ar choinníoll go bhfuil siad sásta, de réir a gconarthaí, na dualgais agus na freagrachtaí sannta a ghabhann leis na post seo a chomhlíonadh.

(c) Má bhíonn líon na bpost nua mar Phríomhoide Cúnta níos mó ná líon na bpost reatha den Ghrád A ceapfar sealbhóirí na bpost breise mar Phríomhoide Cúnta de réir na nósanna imeachta comhaontaithe roghnúcháin agus ní féidir ach le sealbhóirí reatha post den Ghrád B cur isteach orthu ar dtús.

### **MONATÓIREACHT AR NA SOCRUITHE ATHCHÓIRITHE DON BHAINISTÍOCHT INSCOILE**

Tá fócaíochtaí suntasacha breise do Phríomhoidí, do Phríomhoidí Ionaid agus do shealbhóirí eile poist ag gabháil leis na tógraí faoin mbainistíocht inscoile. Is é atá i gceist leis na hfocaíochtaí seo ná bainistíocht inscoile i scoileanna dara leibhéal a fheabhsú go mór. Caithfidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta cinntiú go mbainfear cuspóirí an athstruchtúráil bainistíochta inscoile amach go ffrinneach.

Chun an mhonatóireacht riachtanach a dhéanamh ar oibriú na socruithe athchóirithe do bhainistíocht inscoile geobhaidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sceideal na bpost freagrachta a ghabhann leis an scoil ó na húdaráis scoile ó am go chéile. Iarrfar deimhniú gur deimhin leis na húdaráis scoile go bhfuil na dualgais bainistíochta inscoile atá riachtanach á gcomhlíonadh sa mhéid is féidir trí chur i bhfeidhm na socruithe bainistíochta inscoile atá déanta ag an scoil.

Má dhéantar ceapacháin aonair chun post freagrachta ba cheart do scoileanna cóip de liosta na bhfreagrachtaí a bhaineann leis an bpost a chur isteach nuair a bhíonn ceadú don gceapachán á lorg acu.

Scrúdóidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcomhar le heagraíochtaí um bhainistíocht scoile agus i gcomhar le heagraíochtaí do mhúinteoirí ar leibhéal náisiúnta oibriú na socruithe athchóirithe bainistíochta inscoile go rialta d'fhonn a áirithiú go bhfuil an córas ag oibriú go sásúil.

## **LEATHADH NA hIMLITREACH**

Iarrtar ort cinntiú go gcuirfear cóipeanna na himlitreach seo ar fáil d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí chun go dtabharfaí do gach tuismitheoir agus do gach mhúinteoir iad.

John Dennehy,  
Ard-Rúnaí  
Mí Aibreáin, 1998.

## **Imlitir 20/98**

### **AGUISÍN A hAON**

#### **CRITÉIR NÁISIÚNTA LEIBHÉIL AGUS SAGHSANNA NA nDUALGAS A GHABHANN LE POIST AN PHRÍOMHOIDE CHÚNTA AGUS NA MÚINTEOIRÍ UM DHUALGAIS SPEISIALTA**

1. Ba cheart do na dualgais a ghabhann leis na poist a bheith iomchuí chun freastal ar riachtanais riaracháin, ar riachtanais tréadacha agus ar riachtanais churaclaim na scoile.
2. Ba cheart do shainmhíniú agus do liosta na ndualgas atá ag gabháil le sceideal na bpost atá beartaithe ag an mBord Bainistíochta a bheith cuimsitheach sa tslí go léireodh sé imthosca gach scoile faoi leith agus sa tslí go mbeadh sé oscailte do gach ball incháilithe den bhfoireann mhúinteoireachta.
3. Ba cheart go léireofaí grád agus leibhéal na freagrachta sna dualgais a ghabhann leis an bpost agus méid agus riachtanais na scoile a chur san áireamh ag an am céanna.
4. Anseo a leanas dualgais agus freagrachtaí a ghabhann leis na poist. I scoileanna sách mór baineann na dualgais atá marcáilte le réiltín le post an Phríomhoide Chúnta. Féadfaidh scoileanna dualgais a nascadh le chéile do shealbhóir poist amháin nó féadfaidh siad níos mó ná sealbhóir poist amháin a shannadh do dhualgas amháin de réir méid na scoile agus leibhéal na ndualgas.
5. Táid seo a leanas ar na dualgais agus ar na freagrachtaí a ghabhann le poist:-

Cinn bliana\*

Cinn bliana chúnta

Teagascóir ranga

Freagracht i leith socrúithe tráthchláir\*

Freagracht i leith clárúcháin agus monatóireacht neamhláithreachtaí\*

Comhordaitheoir an phlean scoile\*

Comhordaitheoirí ábhar

Comhordaitheoirí Clár Curaclaim\*

Comhordaitheoir Clár Forbartha don bhFoireann

Comhordú agus cur i bhfeidhm beartas scoile, mar shampla cúrsaí smachta\*

Comhordaitheoir cláir thaithí oibre lena n-áirítear dualgais maidir le socrúcháin\*

Gníomhaíochtaí cultúrtha a eagrú / a chur chun cinn\*

Gníomhaíochtaí spóirt a eagrú / a chur chun cinn\*

Cúntóir um riarachán buiséid/cúrsaí airgeadais\*

Cuairteanna lasmuigh den scoil a chomh-ordú/a eagrú

Rúnaí Scrúduithe\*

Comhordaitheoir na Scrúduithe Stáit

Comhordaitheoir Scrúduithe scoile

Riarachán leabharlann na scoile\*

Oifigeach garchabhrach agus sábháilteachta (Druileanna tine, 7rl)

Idirchaidreamh le heagraíochtaí na dtuismitheoirí

Idirchaidreamh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta  
Idirchaidreamh leis an bPobal áitiúil/na nuachtáin áitiúla  
Maoirseacht a dhéanamh ar chothabháil trealamh na scoile agus cinntiú go bhfuil fáil  
air  
Maoirseacht a dhéanamh ar chothabháil agus ar infhaighteacht áiseanna ar nós  
saotharlanna, hallaí le haghaidh corpoideachais 7rl  
Rialú stoc  
Comhordú iompar scoile  
Riarachán scéimeanna cabhrach speisialta, m. sh. leabhair saor in aisce

Níl an liosta seo iomlán.



## Imlitir 21/98

Chuig: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gach Choiste Ghairmoideachais

Cur i bhfeidhm na struchtúr athchóirithe bainistíochta inscoile i ngairmscoileanna agus i gcoláistí pobail.

1. Tugann an tAire Oideachais agus Eolaíochta údarás leis seo do Choistí Gairmoideachais na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm ar a dtugtar breac-chuntas thíos maidir le poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta a chruthú i ngairmscoileanna agus i gcoláistí pobail.
2. Cuirfear grád an Phríomhoide, an Phríomhoide Ionaid, an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta faoi seach in ionad post an Phríomhoide, an Leasphríomhoide, an Ghráid A agus an Ghráid B den struchtúr atá i bhfeidhm faoi láthair.
3. Le héifeacht ón 1ú Márta, 1998, cuirfear sceideal atá bunaithe ar líon na bpost ceadaithe múinteoireachta i scoileanna in ionad na sceideal do leithdháileadh post freagrachta ar scoileanna atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin, sceideal atá bunaithe ar chatagóirí pointí scoileanna.

Chun críocha liúntas atá iníoctha agus líon na bpost freagrachta a chinntiú go bhfuil teideal ag an scoil chucu déanfar poist cheadaithe mhúinteoireachta a mhíniú mar choibhéis múinteora lánaimseartha

- gach poist cheadaithe lasmuigh den gcuóta,
  - gach poist mhúinteoireachta breise ag a bhfuil nádúr buan,
  - leithdháileadh barúlach múinteoirí atá bunaithe ar chóimheas múinteoirí le daltaí, agus
  - poist bharrachais nó poist lamhátais (faoi réir choinníollacha áirithe).
4. In aguisín A tugtar cuntas ar shonraí an mhodha ar a ríomhtar coibhéis múinteora lánaimseartha chun
    - (a) leibhéal na liúntas do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Ionaid a ríomh agus

(b) poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta a ghiniúint.

5. Tá na sonraí faoi na sceidil athchóirithe do scoileanna dara leibhéal ar fáil in Aguisín B.
6. Caithfear poist a bheidh ann de bharr cur i bhfeidhm na dtógraí seo a líonadh de réir téarmaí na nÍmlitreacha 29/97 agus 30/97 mar is cuí.
7. Cuirfidh an Roinn údaráis scoile ar an eolas faoi líon agus faoi leibhéal na bpost go bhfuil teideal acu chucu.
8. LEATHADH NA HIMLITREACH

Iarrtar ort cinntiú go gcuirfear cóipeanna na himlitreach seo ar fáil d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí chun go dtabharfaí do gach tuismitheoir agus do gach múinteoir iad.

John Dennehy,  
Ard-Rúnaí  
Mí Aibreáin, 1998.

### Aguisín A

Ríomh Coibhéis Múinteora Lánaimseartha chun leibhéal liúntas do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Ionaid a ríomh agus chun poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta a ghiniúint i scoileanna dara leibhéal.

(i) **Leithdháileadh iarbhír post lasmuigh den gcuóta\*** ar an scoil ar 1ú Meán Fómhair na bliana reatha

- \*Príomhoide \_\_\_\_\_
- \*Príomhoide Ionaid \_\_\_\_\_
- \*Príomhoide Ionaid Speisialta \_\_\_\_\_
- \*Múinteoir Treoraithe \_\_\_\_\_
- \*Múinteoir Feabhais \_\_\_\_\_
- \*Múinteoir Acmhainne \_\_\_\_\_
- \*Ceantar faoi Mhíbhuntáiste \_\_\_\_\_
- \*Idirchaidreamh Baile agus Scoile \_\_\_\_\_
- \*Rang Lán Ghaelach \_\_\_\_\_
- \*Scoil Bheag (CGO) \_\_\_\_\_
- \*Séiplínigh (Scoileanna Cuimsitheacha agus Pobail, Coláistí Pobail) \_\_\_\_\_

**Iomlán Lasmuigh den gCuóta** \_\_\_\_\_

(ii) **Poist Mhúinteoireachta Bhreise** go bhfuil nádúr buan acu agus a thagann de dheasca laghdú ar chláirúcháin sa scoil \_\_\_\_\_

Múinteoirí arna leithdháileadh faoi Alt 5.2 na Scéime Athchóirithe Fostaíochta (Ar choinníoll go bhfuilid fostaithe sa scoil le breis is bliana anuas ar a laghad).

[Meánscoileanna] \_\_\_\_\_

Lamháltais churaclaim (735 uaire sa bhliain = 1 Choibhéis Múinteora Lánaimseartha) (Ar choinníoll go gceadaítear an lamháltas don scoil don tríú bliain as a chéile. Ní chuirtear san áireamh ach gach coibhéis múinteora lánaimseartha iomlán.)

\_\_\_\_\_ Iomlán post lamháltais \_\_\_\_\_

(iii) **Leithdháileadh barúlach múinteoirí atá bunaithe ar chóimheas múinteoirí le daltaí** (Ríomh mar a leanas)

- (a) Líon daltaí ar an rolla sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach (SDOG = Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais – modh scaipthe, san áireamh) ar 30ú Meán Fómhair na bliana roimhe seo roinnte ar 19 \_\_\_\_\_
- (b) Líon daltaí ATF (Ard-teistiméireacht Fheidhmeach) agus líon daltaí GCAT (Gairmchlár na hArdteistiméireachta) ar an rolla ar 30ú Meán Fómhair na bliana roimhe seo roinnte ar 16 \_\_\_\_\_
- (c) Líon daltaí Iar-Ardteistiméireachta ar an rolla ((SDOG = Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais – modh scaipthe, san áireamh) ar 30ú Meán Fómhair na bliana roimhe seo roinnte ar 16 agus iolraithe faoi 1.5. \_\_\_\_\_

Leithdháileadh barúlach múinteoirí bunaithe ar chóimheas múinteoirí le daltaí {(a) + (b) + (c)} \_\_\_\_\_

(iv) **Poist mhúinteoireachta cheadaithe**

Iomlán lasmuigh den gcuóta (i) \_\_\_\_\_

Iomlán post lamháltais (ii) \_\_\_\_\_

Leithdháileadh barúlach bunaithe ar chóimheas múinteoirí le daltaí ag (iii) \_\_\_\_\_

**Iomlán # Coibhéis múinteoirí lánaimseartha** \_\_\_\_\_

# Ná cuirtear san áireamh nuair a tugtar an t-iomlán deiridh ach líon na bpost iomlán arna slánú suas nó síos.



## Aguisín B

### SCEIDEAL DO PHOIST AN PHRÍOMHOIDE CHÚNTA AGUS AN MHÚINTEORA UM DHUALGAIS SPEISIALTA

Coibh. Lánaím.	Príomhoide Cúnta	Múinteoir um Dhualgais Speisialta
4-5	0	0
6-7	0	1
8	0	2
9-11	0	3
12	1	3
13	1	4
14-15	2	3
16-17	3	3
18	3	4
19-20	4	5
21-22	5	5
23-24	6	6
25-26	6	8
27-29	6	10
30-33	8	11
34-37	8	12
38-43	8	13
44-46	9	13
47-49	9	14
50-53	9	15
54-55	10	15
56-59	11	15
60-64	11	16
65-71	11	17
72-74	11	18
75-76	12	18
77-78	12	19
79-80	12	20
81-82	12	21
83-84	13	22
85-88	13	23
89-92	13	24
93-95	14	24
96-99	14	25
100-102	14	26
103-106	14	27
107-109	14	28
110-111	15	28
112-113	15	29
114-115	15	30
116-117	16	30
118-119	16	31
120-123	16	32
124-129	16	33
130-131	17	33
132-134	17	34
135-136	18	34
137-139	18	35

140-143	18	36
144-145	18	37
146-147	19	37
148-149	19	38
150-152	20	38
153-154	20	39
155-156	20	40
157-159	20	41
160-162	21	41
163-164	21	42
165-169	21	43
170-172	21	44
173-175	22	44
176-178	22	45
179-180	23	45
181-182	23	46
183-184	24	46
185-187	24	47
188-192	24	48
193-195	25	48
196-199	25	49
200	25	50

1. Tá an sceideal bunaithe ar leithdháileadh coibhéis múinteoirí lánaimseartha.
2. Tá ceartú déanta i dtaobh daltaí Iar-Ardeistiméireachta ina n-úsáideadh an fachtóir 1.5 chun teacht ar choibhéis lánaimseartha barúlach do scoileanna Iar-Ardeistiméireachta.
3. Coinneoidh scoil a chaillfeadh poist trí thagairt don sceideal a teideal chuig an leibhéal post atá aici faoi láthair go dtí an bhliain 2000.
4. De bhreis ar na poist a gintear ag an sceideal beidh teideal chuig post breise do Mhúinteoir um Dhualgais Speisialta ag gach scoil go bhfuil 70 dalta nó níos mó san idirbhliain inti.

Dept. of Education & Science  
Post Primary Teachers Section  
Cornamaddy,  
Athlone,  
Co. Westmeath.

Tel. 090-6483808/3832  
Fax. 090-6484063



An Roinn Oideachais & Eolaíochta  
Rannóg Múinteoirí Iarbhunoideachais  
Cor na Madadh,  
Baile Átha Luain  
Co. na Íarmhí

## **Imlitir PPT 06/02**

Chuig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Gach Choiste Ghairmoideachais

### ***Socruithe Athchóirithe chun go gcuimseoidh Incháilitheacht do Phoist Ardaithe Céime i nGairmscoileanna agus i gColáistí Pobail Seirbhís Shealadach Mhúinteoireachta Áirithe.***

Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta a fhógairt go dtángthas ar chomhaontú le hAontas Múinteoirí Éireann, leis an gCumann Gairmoideachas in Éirinn agus leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le socruithe athchóirithe i leith incháilitheachta do Phoist an Phríomhoide, an Phríomhoide Ionaid, an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta tar éis achtú an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001. Beidh feidhm ag na socruithe athchóirithe láithreach agus ba cheart iad a chur i bhfeidhm maidir le gach comórtas san am le teacht agus maidir le gach comórtas atá ar siúl faoi láthair nach bhfuil a phróiseas roghnúcháin críochnaithe fós.

#### **Incháilitheacht**

Caithfidh iarratasóirí ar cheapachán chuig post an Phríomhoide agus an Phríomhoide Ionaid cúig bliana seirbhíse lánaimseartha múinteoireachta a bheith déanta acu ar a laghad, nó a choibhéis sin.

Maidir le poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta, tá gach múinteoir cáilithe ar fhoireann na scoile ag a bhfuil seirbhís lánaimseartha trí bliana agus bliain amháin faoi seach ar a laghad, nó a choibhéis sin déanta acu, incháilithe chun cur isteach ar an post má tá sé nó sí faoi chonradh don bhliain scoile ar fad.

#### **Áireamh Seirbhíse i leith incháilitheachta do phoist**

Áireofar an tseirbhís seo a leanas mar sheirbhís bliana iomláine:

- (a) Áireofar seirbhís bhuan, seirbhís shealadach, seirbhís incháilithe pháirt-aimseartha, seirbhís ionadaíochta agus seirbhís pháirt-aimseartha gur 22

sheachtaine nó níos mó í in éineacht nó ar leithligh in aon bhliain scoile áirithe mar bhliain iomlán chun críocha incháilitheachta.

nó

- (b) Áireofar seirbhís bhuan, seirbhís shealadach, seirbhís incháilithe pháirt-aimseartha, seirbhís ionadaíochta agus seirbhís pháirt-aimseartha gur 200 uair nó níos mó í in éineacht nó ar leithligh in aon bhliain scoile áirithe mar bhliain iomlán chun críocha incháilitheachta.

## **Ginearálta**

Sula gceapfar iarratasóir gur éirigh leis nó léi sa chomórtas chuig post freagrachta tá mar choinníoll ann go mbeidh an múinteoir ar fáil chun na dualgais a ghabhann leis an bpost a chomhall. D'fhéadfadh go mbeadh gá le bheith i láthair sa scoil ar feadh na seachtaine scoile ar fad de bharr nádúr na ndualgas a bhaineann le poist fhreagrachta. Má cheaptar múinteoir páirt-aimseartha chuig post freagrachta d'fhéadfadh gur gá na riachtanais ó thaobh láithreach an mhúinteora sa scoil a athrú chun na dualgais seo a chomhall. Má éiríonn le múinteoir páirt-aimseartha sa chomórtas téann incháilitheacht an mhúinteora don phost sin i léig nuair a bhíonn tréimhse an chonartha mhúinteoireachta istigh ach amháin má gheibheann an múinteoir conradh lánaimseartha nó conradh páirt-aimseartha mhúinteoireachta eile díreach tar éis do thréimhse an chonartha reatha a bheith istigh.

Ní cead d'aon mhúinteoir a bheith i mbun níos mó ná aon phost freagrachta ag aon am áirithe.

## **Leathadh na hImlitreach**

Iarrtar ort cinntiú go gcuirfear cóipeanna na himlitreach seo ar fáil d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí chun go dtabharfaí do gach tuismitheoir agus do gach mhúinteoir iad.

Johnny Bracken  
Príomhoifigeach

Mí Aibreáin 2002.



## Chuig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Gach Choiste Ghairmoideachais

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe Roghnúcháin i gcomhair Ceapacháin agus Ardú Céime do Mhúinteoirí i gColáistí Pobail Ainmnithe

### 1. Nósanna Imeachta Nua Roghnúcháin

- 1.1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta a chur in iúl do Choistí Gairmoideachais go dtángthas ar chomhaontú faoi na nósanna imeachta roghnúcháin seo a leanas tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara:

Múinteoirí

Príomhoidí, Príomhoidí Ionaid

Príomhoidí Cúnta agus Múinteoirí um Dhualgais Speisialta.

- 1.2. Tugann an tAire Oideachais agus Eolaíochta údarás leis seo d'fhorfheidhmiú na nósanna imeachta atá faoi chaibidil. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta nua maidir le gach comórtas poist atá gan líonadh fós.
- 1.3. Téann an Imlitir seo in ionad gach Imlitreach roimhe seo agus in ionad gach socraithe maidir le ceapachán, ardú céime agus nósanna imeachta achomhairc.

### 2. Ballraíocht na mBord Roghnúcháin

- 2.1. Beidh ballraíocht na mBord Roghnúcháin i gcomhair ceapacháin i gColáistí Pobail Ainmnithe lena n-áirítear ceapacháin chuig post an Phríomhoide Chúnta agus chuig poist Dhualgais Speisialta de réir mar atá sí leagtha amach in Airteagail Bhainistíochta.

- 2.2. Beidh ionadaíocht na n-inscní ar na Boird Roghnúcháin agus má tá cúigear ar bhord ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun go mbeidh beirt de gach inscne ar an mbord ar a laghad.
- 2.3. Tionscnóidh an Cumann Gairmoideachais in Éirinn clár traenála um Scileanna Agallaimh Roghnúcháin do chomhaltaí Bord. Beidh sé de chuspóir ag an gclár go mbeidh traenáil scileanna Agallaimh Roghnúcháin ar fáil ag gach ball san deireadh.
- 2.4. Déanfar na nósanna imeachta seo a athbhreithniú roimh dheireadh na bliana scoile 2003/04.
3. Critéir Roghnúcháin i gcomhair ceapacháin chuig post an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta.
- 3.1. Beidh sé de chuspóir ag an Bord Roghnúcháin an t-iarratasóir is oiriúnaí a roghnú don phost. Le linn dá roghnúchán a bheith á dhéanamh aige glacfaidh an Bord na critéir agus an córas marcála seo a leanas chun cinneadh a dhéanamh faoina n-ord fiúntais atá le cur faoi bhráid an CGO.
- |    |   |                    |
|----|---|--------------------|
| a. | Cumas an iarratasóra freastal ar riachtanais na Scoile            | 50% de na marcanna |
| b. | Seirbhís don scéim ar leith                                       | 30% de na marcanna |
| c. | Taithí ghairmiúil i réimse an Oideachais agus baint leis an scoil | 20% de na marcanna |
- 3.2. Cinnteoidh iomlán na marcanna a tugtar faoi cheannteidil (a), (b) agus (c) an t-ord fiúntais. Déanfar gach ceapachán ó chomórtas áirithe de réir ord fiúntais den tsórt seo.
4. **Tástáil na n-iarratasóirí agus bronnadh na marcanna**
- 4.1. Maidir le hiarratasóirí a mheasúnú i leith post an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta, is liosta táscach, ní liosta iomlán é an liosta seo a leanas, de réimsí cuí tástála ag Boird Roghnúcháin nuair a thugann siad marcanna faoi gach ceann de na ceannteidil (a), (b) agus (c).

(a) ***Cumas an iarratasóra freastal ar riachtanais na Scoile – 50% d'Iomlán na Marcanna atá ar fáil san agallamh***

***Réimsí táscacha tástála.***

Eolas agus tuiscint ar shaincheisteanna oideachais ábhartha lena n-áirítear forálacha agus struchtúir reatha na scoile.

Cumas ról bainistíochta ar mheánleibhéal a chomhlíonadh trí fhreastal ar riachtanais na scoile faoi mar tá leagtha amach sa sceideal.

Cur le bainistíocht, eagrú agus forbairt fhoriomlán na scoile.  
Scileanna cumarsáide agus eagrúcháin.

Cur i láthair ginearálta an cháis, lena n-áirítear an fhoirm iarratais  
agus an CV.

**(b) *Seirbhís don scéim ar leith (Uasmhéid 30% d'Iomlán na marcanna atá ar fáil san agallamh)***

I gcás an iarratasóra is sinsearaí ba cheart go dtabharfaí marcanna i gcomhair seirbhíse don tsainscéim i bpost buan lánaimseartha, i bpost sealadach agus i bpost páirtaimseartha ar bhonn 100% na marcanna atá ar fáil agus ar bhonn pro rata do na hiarratasóirí eile. Más coláiste pobail cónascaithe ainmnithe atá i gceist beidh ríomh seirbhíse den tsórt sin de réir Imlitreach PPT 14/02 agus i gcás coláiste phobail ainmnithe Greenfield beidh sé de réir Imlitreach PPT 15/02 agus de réir aon imlitreach dá éis sin a ghabhfaidh ionad nó a bheidh ag leasú an céanna a eisíonn an tAire Oideachais agus Eolaíochta ó ham go am.

**(c) *Taithí ghairmiúil i réimse an Oideachais agus baint leis an scoil (Uasmhéid 20% d'Iomlán na Marcanna atá ar fáil san agallamh)***

***Réimsí táscacha tástála.***

Forbairt Ghairme Phearsanta trí chláir inghairme, é sin nó trí chláir sheachtracha.

Baint le Boird Bhainistíochta / le hEagraíochtaí Ionadaíochta na gCumann Tuismitheoirí / le Coistí Scoile.

Obair i gcomhar le heagraíochtaí agus le forais oideachais.

Forbairt chúrsa / ábhair, comhordú cúrsaí.

A bheith páirteach in eagrú ócáidí scoile, mar shampla laethanta oscailte, bronnadh duaiseanna, cruinnithe eolais do thuismitheoirí, gníomhaíochtaí lasmuigh den gcuraclam, turasanna scoile.

**5. Poist a fhógairt**

**5.1. Ba cheart poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta a fhógairt de réir Imlitreach 20/98. De bhreis air sin**

**ba cheart do scoileanna an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil d'iarratasóirí:**

- (a) Liosta na bpost go léir atá sa scoil faoi láthair agus na ndualgas atá ag gabháil leis na poist.
- (b) Liosta dualgas eile a bhaineann le poist fhreagrachta agus a mheasann an Bord Bainistíochta gur riachtanais tosaíochta iad sa scoil tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhoide agus leis an bhfoireann de réir Imlitreach 20/98.

Ba cheart a chur in iúl d'iarratasóirí go ndéanfar iad a mheasúnú de réir a gcumais na dualgais atá luaite thuas faoi (a) agus (b) a chomhlíonadh.

**Nós imeachta achomhairc maidir le ceapachán chuig poist an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta**

**6. Achomhairc**

- 6.1. Is féidir le hiarratasóir achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh an Bhoird Roghnúcháin ar fhoras nár bhain an Bord leas as na critéir agus as an scéim mharcála chomhaontaithe mar atá leagtha amach thuas.
- 6.2. Is é is cuspóir don nós imeachta achomhairc ná a áirithiú go bhfuil measúnú déanta ar iarratasóirí agus gur thug an Bord Roghnúcháin marcanna dóibh de réir na gcritéir agus de réir na scéime marcála mar atá leagtha amach in ailt 4 agus 5 na hImlitreach seo.
- 6.3. Ní hionstraim é an próiseas achomhairc chun an measúnú atá déanta ag an mBord a scrúdú nó a shárú nó chun sáruithe teicniúla eile na nósanna imeachta roghnúcháin atá leagtha amach san Imlitir seo a phlé. Ba cheart aon inní maidir le difríochtaí nó maidir le léirmhíniú ar ghnéithe den imlitir a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta chun go ndéanfaí cinneadh fúthu.
- 6.4. Níl ach na cúiseanna seo a leanas ina gcúiseanna achomhairc tríd an nós imeachta seo:
  - (i) Níor measúnaíodh an t-iarratasóir de réir na gcritéir atá leagtha amach in ailt 4 agus 5 na hImlitreach seo

**é sin nó**

- (ii) Níor ríomhadh na marcanna ar sheirbhís don scéim i gceart.
- 6.5. Caithfidh gach achomharc cuntas cruinn a thabhairt ar na cúiseanna maidir le 6.4.(1) agus 6.4.(ii) thuas. Tabharfaidh an t-achomharc breac-chuntas ar na hargóintí a déanfar ag éisteacht bhéil. Ní cead aon shaincheisteanna breise a phlé ag éisteacht bhéil. Ag céim na héisteachta béil ní cead ábhair



sheachtracha, líomhaintí nó argóintí nach bhfuil baint acu leis an n-achomharc i scríbhinn agus le ráiteas an CGO maidir lena sheasamh a thabhairt isteach.

- 6.6. Caithfear Achomharc a sheachadadh chuig an CGO laistigh de 14 lá féilire ó fhógra a fháil faoi mholadh an Bhoird Roghnúcháin.
- 6.7. Cuirfidh an CGO gach iarratasóir ar an eolas faoi na hachomhairc laistigh de 14 lá féilire ó dháta deiridh chun achomhairc a fháil agus cuirfidh sé an t-achomharc ar aghaidh chuig an Eadránaí cuí. Le linn dó an t-achomharc a chur ar aghaidh chuig an Eadránaí cuirfidh an CGO ráiteas faoina sheasamh féin faoi iamh. Sa ráiteas sin beidh gach argóint is mian leis an gCGO a dhéanamh ag éisteacht bhéil. Cuirfear cóip de ráiteas an CGO chuig an achomharcóir ag an am céanna.
- 6.8. Ní dhéanfar aon cheapachán go dtí go mbeidh toradh ar an bpróiseas achomhairc.
- 6.9. Socróidh an tEadránaí éisteacht bhéil a luaithe is féidir. Is inmhianaithe an éisteacht a chur ar siúl laistigh de 15 lá ón achomharc a fháil. Cuirfidh comhairleoirí ainmnithe ó Chumann Gairmoideachais in Éirinn agus ó Aontas Múinteoirí Éireann araon comhairle ar an Eadránaí ag an éisteacht bhéil.
- 6.10. Tar éis don Eadránaí cás an achomharcóra a chloisint agus dul i gcomhairle leis na comhairleoirí féadfaidh an tEadránaí:
  - (i) cinneadh a dhéanamh
  - (ii) tuilleadh eolais/doiciméidí a lorg roimh chinneadh a dhéanamh nó di. Cuirfear aon eolas nó doiciméidí den tsórt sin ar fáil don achomharcóir, don CGO agus do chomhairleoirí an Chumann Gairmoideachais in Éirinn agus Aontas Múinteoirí Éireann. Lasmuigh den méid seo ní dhéanfaidh na páirtithe aon aighneacht eile don Eadránaí.

Eiseoidh an tEadránaí a chinneadh nó a cinneadh a luaithe is indéanta. Is é a bheidh sa chinneadh ná

- (i) diúltú don achomharc  
**nó**
- (ii) seasamh leis an achomharc

Tabharfar na cúiseanna atá leis an gcinneadh.

- 6.11. Cuirfear an cinneadh in iúl do gach iarratasóir. Má sheastar leis an achomharc tabharfar cuireadh do na hiarratasóirí a bhí ann i dtosach a bheith i láthair ag an dara agallamh. Má dhiúltaítear don achomharc ceapfar an t-iarratasóir gur éirigh leis i dtús báire.
- 6.12. Tá na socruithe agus na téarmaí tagartha ceapacháin d'Eadránaithe leagtha amach in Aghuisín II.

**7. Cóipeanna den Imlitir**

- 7.1.** Iarrtar ort cóip den Imlitir seo a chur ar fáil d'ionadaithe na dtuismitheoirí agus na múinteoirí ar na Boird Bhainistíochta.

**Johnny Bracken,  
Príomhoifigeach.**

**Mí an Mheithimh, 2002.**

## Aguisín I

### Téarmaí Tagartha d'Eadránaithe

1. Ceapann an Cumann Gairmoideachais in Éirinn eadránaithe i gcomhar le hAontas Múinteoirí Éireann/Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire. Is iad seo na téarmaí tagartha faoina n-oibreoidh an t-eadránaí. D'fhéadfadh go ndéanfaí na téarmaí tagartha seo a leasú ó am go ham trí threoir i scríbhinn ón dá eagrais le chéile. Comhdheimhníonn ard-rúnaí an Chumainn Ghairmoideachais in Éirinn agus ard-rúnaí Aontas Múinteoirí Éireann/Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire an treoir trí í a shíniú. I gcás go mbíonn amhras nó easaontas ar bith ann maidir le léirmhíniú na dtéarmaí tagartha seo cuirfear an scéal faoi bhráid an Chumainn Ghairmoideachais in Éirinn agus Aontas Múinteoirí Éireann/Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire, agus is cinneadh críochnaitheach é a gcinneadh-san.
2. Níl aon fhorais achomhairc ann faoin nós imeachta seo ach amháin iad siúd atá leagtha amach in Imlitir PPT13/02. Ba cheart go míneofaí go soiléir i ngach achomharc cad iad na cúiseanna atá leis agus na hargóintí a úsáidfear ag éisteacht bhéil. Má thugtar aon ábhar nach mbaineann leis an agallamh agus leis na critéir mharcála isteach d'fhéadfadh gur leor é seo chun an t-achomharc a dhícheadú.
3. Gabhfaidh ráiteas cáis ón gCGO le gach achomharc a chuirfear faoi bhráid an Eadránaí.
4. Ní bhreithneoidh an tEadránaí ar aon argóint ach amháin orthu siúd atá san Achomharc agus i ráiteas an CGO.
5. Tionólfadh an tEadránaí éisteacht bhéil a luaithe is féidir tar éis dó nó di an t-achomharc a fháil. Is inmhianaithe go gcuirfí an éisteacht ar siúl laistigh de 15 lá ón lá go bhfuair an t-Eadránaí an t-achomharc. Ba cheart go ndéanfaí gach iarracht chun an chuspóir seo a bhaint amach.
6. Cuirfidh comhairleoir ainmnithe ó Chumann Gairmoideachais in Éirinn agus ó Aontas Múinteoirí Éireann/Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire araon comhairle ar an Eadránaí ag an éisteacht bhéil mar is cuí.
7. I ndiaidh na héisteachta cuirfidh an tEadránaí deimhniú i scríbhinn chuig an dá pháirtí. Luafar na cúiseanna atá leis an gcinneadh sa deimhniú. Ní bheidh a thuilleadh comhfhreagras nó cumarsáid idir an Eadránaí agus na páirtithe.
8. Nuair a cheaptar Eadránaí tabharfaidh an Cumann Gairmoideachais in Éirinn agus Aontas Múinteoirí Éireann/Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire treoracha don Eadránaí i gcomhar lena chéile.
9. Cé gur comhcheapachán é an ceapachán agus cé go n-íocfaidh an CGO agus Aontas Múinteoirí Éireann/Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire costas na

headrána le chéile socróidh an Cumann Gairmoideachais in Éirinn íocaíochtaí  
chuig na hEadránaithe go léir.

## **BOIRD ROGHNÚCHÁIN – COLÁISTÍ POBAIL**

### **Feidhm na gComhairleoirí do na Boird Roghnúcháin i gColáistí Pobail mar a fhoráiltear sa gComhaontú Eiseamláireach agus sna hAirteagail Bainistíochta**

Ní bhíonn an Comhairleoir rannpháirteach sa phlé a dhéanann ag an mBord Roghnúcháin chun teacht ar chinneadh maidir leis an iarratasóir is oiriúnaí don phost.

### **Is é feidhm an chomhairleora ná a áirithiú mar seo a leanas go mbeidh próiseas an agallaimh ionraic:**

- Tinreamh gach baill den Bhord Roghnúcháin a thaifeadh.
- A áirithiú go mbeidh cóip d'fhoirm iarratas an iarratasóra ag gach ball den Bhord Roghnúcháin.
- Deimhniú do bhaill an Bhord Roghnúcháin gur comhlíonadh gach nós imeachta roimh an iarratas de réir téarmaí na nImlitreacha ábhartha de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus de réir mar a fhoráiltear sa gComhaontú Eiseamláireach.
- A áirithiú go mbeidh cóip de Scideal Comhaontaithe na nDualgas ar fáil do gach baill den Bhord Roghnúcháin. (Agallamh le haghaidh Post Dualgais).
- An Bord Roghnúcháin a chur ar an eolas faoin scideal marcála agus faoi na critéir mharcála de réir mar atáid leagtha síos in Imlitir na Roinne Oideachais agus Eolaíocht don bpost áirithe seo, agus a áirithiú go gcloífear leis na forálacha seo.
- Teistiméireachtaí na n-iarratasóirí ar an bpost a chur i láthair mar a fuarthas iad ag ionad an agallaimh.
- Aon shaincheist a shoiléiriú a bheadh ag baill den Bhord Roghnúcháin maidir le doiciméadú **nó** maidir le bileoga marcála roimh thús na n-agallamh.
- Gach iarratasóir a chur in aithne do Chathaoirleach an Bhord Roghnúcháin.
- Aon scéal a shoiléiriú ar iarratas ó na hiarratasóirí, a bhaineann le heagrú, le riarachán agus le cúrsaí smachta sa scoil nach bhféadann ball den Bhord Roghnúcháin a shoiléiriú de ghnáth.
- Éileamh an iarratasóra a dhearbhu i bhfianaise an iarratasóra más rud é go bhfuil soiléiriú ag teastáil ó bhall nó ó bhaill den Bhord Roghnúcháin.

- Cúnamh a thabhairt don mBord Roghnúcháin chun cruinneas an bhileog scóir do gach iarratasóir a dheimhniú agus a áirithiú go bhfuil sí sínithe agus go bhfuil an dáta curtha uirthi ag gach ball den Bhord Roghnúcháin.
- Comhad a thiomsú de Bhileog an Mholta, de Nótaí Ball an Bhord Roghnúcháin, d'Fhoirmeacha Iarratais agus de thaifead nótaílte a tugtar do gach iarratasóir.
- An comhad a chur ar aghaidh chuig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Choiste Ghairmoideachais.
- Deimhniú go gcaithfear toradh an phróiseas roghnúcháin agus an toradh féin a choinneáil faoi rún.



## **Chuíg Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gach Choiste Ghairmoideachais**

### ***Áireamh Seirbhíse chun críocha Ceapacháin chuig Post an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta i gColáistí Pobail Ainmnithe a bunaíodh de thoradh cónascadh dhá cheann nó níos mó de Scoileanna Dara Leibhéil.***

Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta a fhógairt go mbeidh feidhm ag na socrúithe seo a leanas chun seirbhís a ríomh chun críocha ceapacháin chuig post an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta, mar atáid leagtha amach in ailt 3.1 agus 4.1 (b) in Imlitir PPT 13/02, tar éis aird a thabhairt ar chomhairle an Ard-Aighne ó thaobh an ábhair seo agus tar éis comhaontaithe a bheith déanta idir an Cumann Gairmoideachais in Éirinn, na hIontaobhaithe Reiligiúnacha, Aontas Múinteoirí Éireann, Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

1. Deimhneofar sinsearachta na n-iarratasóirí faoi threoir fhad na seirbhíse amhail 1ú Meán Fómhair na bliana ina ndéantar an ceapachán nó na ceapacháin, agus faoi threoir sheirbhíse cáilithe mar mhúinteoir buan, mar mhúinteoir sealadach, mar mhúinteoir ionadaíochta, mar mhúinteoir incháilithe páirt-aimseartha nó mar mhúinteoir páirt-aimseartha i scéim CGO ar leith nó faoi threoir sheirbhíse i gcoláistí cónascaithe, i meánscoil dheonach atá faoi réir cónascaithe agus seirbhís sa mheánscoil dheonach roimhe seo más rud é gur athchóiriú fostaíochta éigeantach a bhí i gceist.
2. Féadfar uasmhéid bliana amháin de chreidmheas a thabhairt maidir le haon bhliain scoile áirithe. Cuirfear sinsearachta chun sochair mar bhlianta iomlána amháin agus ríomhfar mar seo a leanas iad:
  - (a) áireofar gach bliain iomlán seirbhíse mar bhliain amháin chun críocha sinsearachta.
  - (b) áireofar seirbhís bhuan, seirbhís shealadach, seirbhís ionadaíochta, seirbhís incháilithe pháirt-aimseartha agus seirbhís pháirt-aimseartha ar feadh 22 sheachtaine scoile ar a laghad in aon bhliain scoile áirithe mar bhliain iomlán chun críocha sinsearachta.

- (c) áireofar seirbhís bhuan, seirbhís shealadach, seirbhís ionadaíochta, seirbhís incháilithe pháirt-aimseartha agus seirbhís pháirt-aimseartha gur mó ná 200 uair í in aon bhliain scoile in éineacht nó ar leithligh mar bhliain iomlán chun críocha sinsearachta.
- (d) faoi réir ailt (c) thuas ní féidir seirbhís gur lú ná 22 sheachtaine scoile í in aon bhliain scoile áirithe a ríomh.
- (e) faoi réir ailt (b) thuas ní féidir seirbhís gur lú ná 200 uair í in aon bhliain scoile áirithe a ríomh.

Beidh feidhm ag na socruithe athchóirithe láithreach agus ba cheart iad a chur i bhfeidhm maidir le gach post atá le líonadh fós.

Iarrtar ort cóip den Imlitir seo a chur ar fáil d'ionadaithe na dtuismitheoirí agus na múinteoirí ar na Boird Bhainistíochta.

**Johnny Bracken,  
Príomhoifigeach.**

**Mí an Mheithimh, 2002.**



## **Chuibh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gach Choiste Ghairmoideachais**

### ***Áireamh Seirbhíse chun críocha Ceapacháin chuig Post an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta i gColáistí Pobail Greenfield Ainmnithe***

Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta a fhógairt go mbeidh feidhm ag na socrúithe seo a leanas chun seirbhís a ríomh chun críocha ceapacháin chuig post an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteora um Dhualgais Speisialta, mar atáid leagtha amach in ailt 3.1 agus 4.1 (b) in Imlitir PPT 13/02, tar éis aird a thabhairt ar chomhairle an Ard-Aighne ó thaobh an ábhair seo agus tar éis comhaontaithe a bheith déanta idir an Cumann Gairmoideachais in Éirinn, na hIontaobhaithe Reiligiúnacha, Aontas Múinteoirí Éireann, Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

1. Deimhneofar sinsearachta na n-iarratasóirí faoi threoir fhad na seirbhíse amhail lú Meán Fómhair na bliana ina ndéantar an ceapachán nó na ceapacháin, agus faoi threoir sheirbhíse cáilithe mar mhúinteoir buan, mar mhúinteoir sealadach, mar mhúinteoir ionadaíochta, mar mhúinteoir incháilithe páirt-aimseartha nó mar mhúinteoir páirt-aimseartha leis an bhfostaiteoir atá aige nó aici faoi láthair.
2. Féadfar uasmhéid bliana amháin de chreidmheas a thabhairt maidir le haon bhliain scoile áirithe. Cuirfear sinsearachta chun sochair mar bhlianta iomlána amháin agus ríomhfar mar seo a leanas iad:
  - (a) áireofar gach bliain iomlán seirbhíse mar bhliain amháin chun críocha sinsearachta.
  - (b) áireofar seirbhís bhuan, seirbhís shealadach, seirbhís ionadaíochta, seirbhís incháilithe pháirt-aimseartha agus seirbhís pháirt-aimseartha ar feadh 22 sheachtaine scoile ar a laghad in aon bhliain scoile áirithe mar bhliain iomlán chun críocha sinsearachta.

- (c) áireofar seirbhís bhuan, seirbhís shealadach, seirbhís ionadaíochta, seirbhís incháilithe pháirt-aimseartha agus seirbhís pháirt-aimseartha gur mó ná 200 uair í in aon bhliain scoile in éineacht nó ar leithligh mar bhliain iomlán chun críocha sinsearachta.
- (d) faoi réir ailt (c) thuas ní féidir seirbhís gur lú ná 22 sheachtaine scoile í in aon bhliain scoile áirithe a ríomh.
- (e) faoi réir ailt (b) thuas ní féidir seirbhís gur lú ná 200 uair í in aon bhliain scoile áirithe a ríomh.

Beidh feidhm ag na socruithe athchóirithe láithreach agus ba cheart iad a chur i bhfeidhm maidir le gach post atá le líonadh fós.

Iarrtar ort cóip den Imlitir seo a chur ar fáil d'ionadaithe na dtuismitheoirí agus na múinteoirí ar na Boird Bhainistíochta.

**Johnny Bracken,  
Príomhoifigeach.**

**Mí an Mheithimh, 2002.**

**Aguisín (iii)**

**Baill an Ghrúpa Oibre**

Seán Burke, Cathaoirleach

Seán Ashe

Luke Murtagh

Micheal Moriarty

Barra Ó Briain

Pat O'Connor

Seán Ó Longáin

Barney O'Reilly

Ted Owens

Pádraigín Ní Ríordáin

Pat Ryan

John Slattery (Eagarthóireacht agus Tacaíocht Theicniúil)